Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10632/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0154(NLE)**

**ECOFIN 826**
**UEM 267**
**FIN 897**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle.

## ROINN 1: Athchóirithe agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta

### Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

### A. Comhchuid 1.1: Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe

Tugann an chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine aghaidh ar dhúshlán an mhaolaithe ar an athrú aeráide trí dhíriú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) sa gheilleagar a laghdú. Is iad cuspóirí na comhpháirte tacú le húsáid hidrigine a tháirgtear le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus rannchuidiú mar phríomhsprioc le hastaíochtaí GCT a laghdú mar a shainmhínítear i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Gearmáine (PNFA), agus béim á leagan ar an tionsclaíocht. Féachann an chomhpháirt freisin le rannchuidiú a dhéanamh i dtéarmaí na nuálaíochta tionsclaíche agus an bheartais fostaíochta.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach maidir le hinfheistíocht san aistriú glas agus is bloc tógála amháin í i ndearadh córas fuinnimh glan, éifeachtúil agus comhtháite (Moladh Tírshonrach 1.6 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 2.4 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

### A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

#### *1.1.1 Infheistíocht: Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna*

Is é is cuspóir do na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) maidir le hidrigin dlús a chur le glacadh hidrigine agus a díorthach sa mhargadh chun próisis atá dian ar astaíochtaí a dhícharbónú agus chun réimsí nua cur i bhfeidhm a fhorbairt sa Ghearmáin agus san Eoraip. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht airgeadais do thionscadail hidrigine.

#### *1.1.2 Infheistíocht: Clár cistiúcháin le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht*

Is é is cuspóir don bheart cabhrú leis an tionscal aistriú ó phróisis táirgthe atá an-dian ar astaíochtaí go próisis ísle GCT. Is éard atá sa bheart tacaíocht don taighde agus don fhorbairt, tástáil i ngléasraí turgnamhacha nó píolótacha, agus infheistíochtaí i suiteálacha a chumhdaítear le CTA AE.

#### *1.1.3 Infheistíocht: Scéim phíolótach le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin*

Is é cuspóir an bhirt, maidir le beart 1.1.2, teicneolaíochtaí nua táirgthe níos glaine a thabhairt isteach do thionscail dianfhuinnimh. Is é cuspóir sonrach an bhirt deimhneacht airgeadais a sholáthar do ghnólachtaí nuair a dhéanann siad infheistíochtaí suntasacha i

dteicneolaíochtaí aeráidneodracha agus astaíochtaí GCT a bhaineann le próisis a laghdú ar bhonn buan, ar astaíochtaí iad atá deacair a sheachaint faoi úrscothacht reatha na dteicneolaíochtaí.

Le conarthaí um Ghníomhú ar son na hAeráide, ráthófar praghas seasta CO2 thar thréimhse sheasta do chuideachtaí a infheistíonn i dteicneolaíochtaí laghdaithe CO2. Tá an clár dírithe go príomha ar chuideachtaí i dtionscail na cruach, na gceimiceán agus na n-ábhar tógála ina bhfuil sé thar a bheith deacair astaíochtaí próisis a sheachaint. Ní bheidh ach tionscadail as a n-eascraíonn astaíochtaí atá go mór faoi bhun thagarmharcanna CTA incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin mbeart1.

Meastar go gcuirfear tús le cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2021 agus críochnófar é faoin 31 Lúnasa 2026.

### *1.1.4 Infheistíocht: Taighde ar chosaint na haeráide a bhaineann leis an tionscadal*

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú leis an ngeilleagar a dhícharbónú agus spriocanna 2050 á gcur san áireamh agus béim á leagan ar FBManna agus ar thionscail bhunúsacha. Is éard atá sa bheart seo tacaíocht do thionscadail taighde i réimsí an mhaolaithe ar an athrú aeráide, na héifeachtúlachta fuinnimh agus na hathléimneachta aeráide.

### *1.1.5 Infheistíocht: Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine*

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le dícharbónú an gheilleagair agus go sonrach le haghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna a bhaineann le hidrigin ghlas a sholáthar sa chóras fuinnimh a bheidh ann amach anseo. Is éard atá ann tacaíocht do thionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíocht hidrigine.

### *1.1.6 Infheistíocht: Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla*

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le dícharbónú na gcóras téimh ceantair, sciar an teasa ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas a leathnú. Is éard atá ann tacaíocht airgeadais le haghaidh pleananna claochlaithe, staidéir indéantachta agus tionscadail infheistíochta le haghaidh líonraí teasa.

[1] I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa amach nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Bunaítear tagarmharcanna le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

## A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus chun í a chur chun feidhme

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 1 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Garsprioc | An nós imeachta maidir le léiriú spéise a chur i gcrích | Tá sceitsí tionscadail curtha isteach ag cuideachtaí | - | - | - | C2 | 2021 | Tá an nós imeachta maidir le léiriú spéise curtha i gcrích. Sainaithníodh tionscadail fhéideartha agus rannpháirtithe tionscadail sa Ghearmáin. |
| 2 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Garsprioc | Na chéad chinntí deontais a eisiúint | Cinntí deontais arna n-eisiúint | - | - | - | C1 | 2022 | D'eisigh an Aireacht Fheidearálach um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus um Ghníomhú ar son na hAeráide (BMWK) agus an Aireacht Fheidearálach um Dheontas Digiteach agus Iompar (BMDV) cinntí dámhachtana deontais d'fhaighteoirí/iarratasóirí lena gcumasáitear tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe. |
| 3 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Gealltanas EUR 500 000 000 ar a laghad | - | EUR milliún | 0 | 500 | C2 | 2024 | Gealladh EUR 500 000 000 ar a laghad do thionscadail hidrigine i gcomhréir le cinntí deontais a eisíodh. |
| 5 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Gealltanas EUR 1 411 722 000 | - | EUR milliún | 500 | 1 411 | C2 | 2026 | Gealladh EUR 1 411 722 000 ar a laghad do thionscadail hidrigine i gcomhréir le cinntí deontais a eisíodh. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 6 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Toilleadh leictrealaithe | - | Meigeavata | 0 | 200 | C2 | 2026 | Déanfar 200 MW ar a laghad d'acmhainneacht leictrealaithe a shuiteáil agus a nascadh leis an eangach leictreachais. |
| 7 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na treoirlíne cistiúcháin (Förderrichtlinie) le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Teacht i bhfeidhm na treoirlíne cistiúcháin | - | - | - | C1 | 2021 | Tháinig an treoirlíne i bhfeidhm, rud a chuir ar chumas cuideachtaí iarratais a chur isteach. |
| 8 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Sprioc | Cinntí deontais a eisiúint | - | Uimhir | 0 | 19 | C4 | 2024 | Eisíodh cinntí deontais d'fhaighteoirí/d'iarratasóirí, rud a fhágann gur féidir tús a chur leis na tionscadail roghnaithe. Ní bheidh ach tionscadail a bhfuil astaíochtaí mar thoradh orthu atá go mór faoi bhun thagarmharcanna Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) incháilithe do thacaíocht faoin mbeart. [2] |

[2] I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa amach nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Bunaítear tagarmharcanna le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 9 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Sprioc | Eisíocaíocht leis na tionscadail dá dtugtar tacaíocht | - | EUR milliún | 0 | 55 | C2 | 2026 | Eisíocadh EUR 55 000 000 ar a laghad de chistí leis na faighteoirí. |
| 11 | 1.1.3 Scéim phíolótach le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin | Garsprioc | Nós imeachta maidir le léiriú spéise a chur i gcrích le haghaidh conarthaí maidir leis an athrú aeráide | Cuireann cuideachtaí léirithe spéise le haghaidh conarthaí maidir leis an athrú aeráide faoi bhráid na hAireachta Cónaidhme um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus um Ghníomhú ar son na hAeráide (BMWK) | - | - | - | C4 | 2021 | Tá an nós imeachta maidir le léiriú spéise curtha i gcrích, agus chuir cuideachtaí in iúl gur spéis leo tacaíocht a fháil dá dtionscadail trí chonarthaí maidir leis an athrú aeráide agus trí thionscadail a bheith roghnaithe. |
| 12 | 1.1.3 Scéim phíolótach le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin | Garsprioc | Treoirlíne chistiúcháin (Förderrichtlinie) le haghaidh clár píolótach maidir le conarthaí i ndáil leis an athrú aeráide bunaithe ar phrionsabal na | Teacht i bhfeidhm na treoirlíne cistiúcháin | - | - | - | C3 | 2022 | Tháinig an treoirlíne le haghaidh clár píolótach maidir le conarthaí athraithe aeráide atá bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin i bhfeidhm, rud a chuireann ar chumas cuideachtaí iarratais a chur isteach. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | gConarthaí Difríochta Carbóin | | | | | | | |
| 14 | 1.1.4 Taighde maidir le cosaint na haeráide a bhaineann leis an tionscadal | Sprioc | Iarratais ar thacaíocht do thionscadail taighde a bhaineann leis an aeráid a fhormheas | - | Líon na n-iarratas a formheasadh | 0 | 45 | C4 | 2021 | Tá na tionscadail taighde a bhaineann leis an aeráid a roghnaíodh faoin nglao ar thairiscintí formheasta le haghaidh cistiúcháin. |
| 16 | 1.1.4 Taighde maidir le cosaint na haeráide a bhaineann leis an tionscadal | Sprioc | Infhaighteacht tuarascálacha tionscadail taighde aeráide | - | Uimhir | 0 | 45 | C4 | 2025 | Cuireadh tuarascálacha deiridh ina dtugtar tuairisc ar thorthaí 45 thionscadal chomhoibríocha ar fáil do na tionscnóirí tionscadail. |
| 17 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Garsprioc | Foilsiú an chomórtais 'Idea Competition 'Hydrogen Republic Germany'' (Förderaufruf zum Ideenwettbewerb 'Wasserstoffrepublik | Foilsiú an chomórtais ar leathanach baile na hAireachta Cónaidhme Oideachais agus Taighde | - | - | - | C2 | 2020 | Foilsíodh an comórtas, lena n-áirítear na coinníollacha incháilitheachta, ar leathanach baile na hAireachta Cónaidhme Oideachais agus Taighde agus osclaíodh é le haghaidh iarratas. |

| Seq. Uim h. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | Deutschland') | | | | | | | |
| 18 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Cinntí deontais a eisiúint | - | Líon na gcinntí deontais a eisíodh | 0 | 150 | C2 | 2022 | Eisíodh cinntí deontais d'fhaighteoirí/d'iarratasóirí, rud a fhágann gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe. |
| 19 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Infhaighteacht tuarascálacha tionscadail taighde hidrigine | - | Uimhir | 0 | 150 | C2 | 2026 | Cuireadh tuarascálacha deiridh ina ndéantar cur síos ar thorthaí 150 tionscadal ar fáil don tionscnóir tionscadail. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 21 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Gealltanas le haghaidh tionscadail shuaitheanta taighde agus nuálaíochta | - | EUR milliún | 0 | 665 | C1 | 2025 | As an EUR 700 000 000 a leithdháileadh ar na tionscadail shuaitheanta, gealladh EUR 665 000 000 ar a laghad. |
| 21A | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Cinntí deontais a shíniú | - | Cinntí deontais | 0 | 200 | C4 | 2023 | Shínigh an t-údarás cur chun feidhme, BAFA (*Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle*), 200 cinneadh deontais le haghaidh tionscadal i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.<br><br>Tacófar le líonraí nua téimh ceantair le 75 % ar a laghad d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas. Ní mhaoineofar aon bhreoslaí iontaise. Ní dheonófar tacaíocht faoin scéim ach amháin do ghiniúint teasa ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear bithmhais inbhuanaithe, agus dramhtheas. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 21B | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Staidéir indéantachta agus/nó pleananna claochlaithe a chur isteach | - | Staidéir indéantachta agus/nó pleananna claochlaithe | 0 | 50 | C4 | 2024 | Cuireadh 50 staidéar féidearthachta agus/nó plean claochlaithe ar a laghad faoi bhráid an údaráis cur chun feidhme, BAFA (*Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle*). |
| 21C | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Eisíocaíocht do na tionscadail a fhaigheann tacaíocht | - | EUR milliún | 0 | 300 | C2 | 2026 | Eisíocadh EUR 300 000 000 ar a laghad le haghaidh na dtionscadal a dtacaítear leo. |

**B. Comhchuid 1.2: Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid**

Tugann an chomhphháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine aghaidh ar dhúshlán an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus béim á leagan ar earnáil an iompair.

Is é is cuspóir don chomhphháirt rannchuidiú le hastaíochtaí CO2 in earnáil an iompair a laghdú go suntasach. Tá sé d'aidhm shonrach aige teicneolaíochtaí malartacha a bhunú in earnáil an iompair ar bhealach inbhuanaithe, chun iad a dhéanamh níos fuinneamhéifeachtúla, níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus don chomhshaol, agus ar an gcaoi sin an t-aistriú fuinnimh san iompar a chur chun cinn a thuilleadh.

Tá tacaíocht d'fhorbairt margaidh na leictrea-shoghluaisteachta agus don infheistíocht chomhlántach i dteicneolaíochtaí soghluaisteachta inbhuanaithe beartaithe freisin chun tacú leis an aistriú i dtreo tionscal gluaisteán agus soláthair aeráidneodrach agus chun cabhrú leis an nGearmáin a geilleagar a neartú sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

tacaíonn an chomhphháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar iompar inbhuanaithe', (…) taighde agus nuálaíocht' (Moladh Tírshonrach 2.3 agus 2.8 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhphháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***1.2.1 Infheistíocht: Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil***

Is é is cuspóir don bheart réitigh soghluaisteachta glaine a fhorbairt chun an earnáil iompair a dhícharbónú. Is éard atá sa bheart tacaíocht do phointí athluchtaithe.

***1.2.2 Infheistíocht: Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt***

Is é an dúshlán ginearálta a dtugtar aghaidh air leis an mbeart seo an gá atá le réitigh soghluaisteachta glaine a fhorbairt chun an earnáil iompair a dhícharbónú. Díríonn sé go háirithe ar fhorbairt bhreise margaidh na leictrea-shoghluaisteachta agus, go háirithe, ar fhlíteanna feithiclí bardasacha agus tráchtála a fhorbairt.

Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais a thugtar chun feithiclí leictreacha a cheannach i bhflíteanna bardasacha agus tráchtála agus an bonneagar luchtaithe is gá chun na feithiclí sin a oibriú. Ina theannta sin, tacófar le tionscadail taighde agus forbartha atá dírithe ar fheidhmeanna, le forbairt tionscadal soghluaisteachta leictrí (bardais agus tráchtála) agus le coincheapa leictrea-shoghluaisteachta. Beidh an tacaíocht i bhfoirm scéim deontais a mhaoiniú a bheidh le hoibriú ag an Aireacht Fheidearálach um Dhigitiú agus Iompar.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

***1.2.3 Infheistíocht: Tacaíocht chun flít na bhfeithiclí príobháideacha a athsholáthar***

Is é is cuspóir don bheart seo astaíochtaí a laghdú in earnáil an iompair. Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais chun ceannach nó léasú feithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe a astaíonn níos lú ná 50 g $CO_{2/km}$ a chur chun cinn.

***1.2.4 Athchóiriú: Síneadh a chur leis an tréimhse chlárúcháin tosaigh chun an díolúine chánach 10 mbliana a dheonú d'fheithiclí leictreacha amháin***

Is é cuspóir an bhirt seo tacú le leictrea-shoghluaisteacht. Is éard atá sa bheart díolúine cánach 10 mbliana d'fheithiclí leictreacha.

***1.2.5 Infheistíocht: Tacaíocht do cheannacháin busanna le tiomáint mhalartach***

Is é is cuspóir don bheart astaíochtaí CO2 an iompair a laghdú. Is éard atá ann tacaíocht a thabhairt do bhusanna breosla ionadúil agus do staidéir bhonneagair agus indéantachta ghaolmhara.

***1.2.6 Infheistíocht: Tacaíocht chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn***

Is é is cuspóir don bheart seo feithiclí iarnróid a ionadú chun laghdú suntasach ar astaíochtaí CO2 agus ar thruailleáin aeir a bhaint amach. Is éard atá ann tacaíocht airgeadais chun feithiclí iarnróid a bhfuil tiomáint mhalartach acu a sholáthar agus/nó chun iad a thiontú ina n-innill mhalartacha.

***1.2.7 Infheistíocht: Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn***

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le tionscal soláthair le haghaidh teicneolaíocht hidrigine agus breosla-chille chun dícharbónú an tionscail iompair a éascú. Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais do thionscadail agus do Lárionad/Lárionaid Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

## B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 22 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin | Dhá threoirlíne maidir le maoiniú a foilsíodh in Iris na Cónaidhme (Bundesanzeiger) | - | - | - | C4 | 2021 | Foilsítear an dá threoirlíne chistiúcháin in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger*), rud a chuireann ar chumas eagraíochtaí/teaghlach incháilithe iarratais a chur isteach chuig: (1) 'bonneagar luchtaithe le haghaidh foirgnimh chónaithe' agus (2) 'bonneagar luchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha. |
| 23 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Sprioc | Tacaíocht do phointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal | - | Líon na bpointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal | 0 | 2 500 | C3 | 2025 | Eisíodh fógraí coimisiúnaithe (Inbetriebnahmemeldungen) le haghaidh 2 500 pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal. |
| 24 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Sprioc | Leathnú ar phointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe | - | Na mílte pointe athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe | 0 | 689 | C4 | 2023 | Maoiníodh 689 000 pointe athluchtaithe ar a laghad trí thacaíocht airgeadais a eisíoc ón scéim deontais arna hoibriú ag an Aireacht Fheidearálach um Dhigitiú agus Iompar (BMDV). |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 25 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin a foilsíodh in Iris na Cónaidhme (Bundesanzeiger) | - | - | - | C4 | 2020 | Foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin lena gcumhdaítear forbairt flíteanna feithiclí leictreacha bardasacha agus tráchtála agus bonneagar luchtaithe, chomh maith le R&D (coincheapa/dearaí leictrea-shoghluaisteachta) feidhmeach gaolmhar agus coincheapa leictrea-shoghluaisteachta san Iris Chónaidhme *(Bundesanzeiger*), rud a chuireann ar chumas eagraíochtaí/teaghlaigh incháilithe iarratais a chur isteach. |
| 26 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Cistí a ghealladh | - | EUR milliún | 0 | 71.25 | C4 | 2022 | As an EUR 75 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, gealladh EUR 71 250 000 ar a laghad. |
| 27 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Flíteanna r-shoghluaisteachta bardasacha agus tráchtála a leathnú | - | Líon na bhfeithiclí leictreacha | 0 | 4 000 | C2 | 2024 | Tá gealltanais chistiúcháin faighte ag bardais, cuideachtaí agus eagraíochtaí incháilithe eile le haghaidh 4 000 ríomhfheithicil ar a laghad le tacaíocht ón scéim deontais. |
| 28 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Réamhdearaí leictrea-shoghluaisteachta a chur i gcrích | - | Líon na réamhdhearadh leictrea-shoghluaisteachta críochnaithe | 0 | 80 | C2 | 2024 | Cuireadh 80 réamhdhearadh leictrea-shoghluaisteachta ar a laghad i gcrích le haghaidh bardas, cuideachtaí nó eagraíochtaí incháilithe eile. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 29 | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideach a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 240 000 feithicil leictreach a cheannach | - | Líon na bhfeithiclí leictreacha a ceannaíodh | 0 | 240 000 | C1 | 2021 | Tá tacaíocht deontais faighte ag faighteoirí chun 240 000 feithicil leictreach san iomlán a cheannach ar bhonn na dtreoirlínte cistiúcháin leasaithe a tháinig i bhfeidhm an 8 Iúil 2020. |
| 30 | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideach a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 320 000 feithicil leictreach eile a cheannach | - | Líon na bhfeithiclí leictreacha a ceannaíodh | 240 000 | 560 000 | C4 | 2022 | Tá tacaíocht deontais faighte ag faighteoirí chun iomlán (carnach) de 560 000 feithicil leictreach a cheannach ar bhonn na dtreoirlínte cistiúcháin leasaithe a tháinig i bhfeidhm an 8 Iúil 2020. |
| 30A | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideach a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 399 450 feithicil leictreach a cheannach | - | Líon na bhfeithiclí leictreacha a ceannaíodh | 0 | 399 450 | C1 | 2025 | Sa bhreis ar na ceannacháin a dtacaítear leo faoi spriocanna 29 agus 30, eisíocadh tacaíocht deontais le faighteoirí chun 399 450 feithicil leictreach (PHEV, BEV agus FCEV) a cheannach (lena n-áirítear iad a cheannach nó a léasú) ar bhonn na dtreoirlínte cistiúcháin (BAnz 07.07.2020 B2) a tháinig i bhfeidhm an 8 Iúil 2020 chomh maith le haon treoirlínte agus leasuithe ina dhiaidh sin ar na treoirlínte sin. |
| 31 | 1.2.4 Síneadh a chur leis an tréimhse chlárúcháin tosaigh chun an díolúine chánach 10 mbliana a | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Seachtú Acht um Cháin Mhótarfheithicle a Leasú | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Seachtú Acht um Cháin Mhótarfheithiclí (Leasú) | - | - | - | C4 | 2020 | Tháinig an leasú ar an Acht um Cháin Mhótarfheithiclí chun síneadh a chur leis an tréimhse chlárúcháin tosaigh le haghaidh ríomhfheithiclí chun an díolúine chánach 10 mbliana a fháil i bhfeidhm. |

| Uimhir sheicheamh ach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíoch t) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | dheonú d'fheithiclí atá go hiomlán leictreach | | | | | | | | | |
| 33 | 1.2.5 Tacaíocht do cheannacháin busanna le tiomáint mhalartach | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin a fhoilsiú | Foilsiú san Iris Chónaidhme (*Bundesanzeiger)* | - | - | - | C3 | 2021 | Foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin maidir leis an scéim tacaíochta chun busanna agus cóistí a cheannach le haghaidh iompar paisinéirí le tiomáint mhalartach in Iris na Cónaidhme (Bundesanzeiger). Úsáidfear cistí go príomha le haghaidh busanna leictreacha faoi thiomáint ceallraí, busanna tralaí ceallra, busanna breosla-chille agus busanna 100 % faoi thiomáint bithmheatáin. |
| 35 | 1.2.5 Tacaíocht do cheannacháin busanna le tiomáint mhalartach | Sprioc | Orduithe busanna le tiomáint mhalartach | - | Líon na mbusanna a ordaíodh | 0 | 2 800 | C2 | 2026 | Eisíodh orduithe nó dearbhuithe ordaithe nó conarthaí le haghaidh 2 800 bus ar a laghad a bhfuil tiomáint mhalartach acu. |
| 36 | 1.2.6 Tacaíocht chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin | Teacht i bhfeidhm | - | - | - | C1 | 2021 | Tháinig na treoirlínte cistiúcháin don scéim deontais chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn i bhfeidhm lena gcuirtear ar chumas eagraíochtaí incháilithe iarratais a chur isteach. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 38 | 1.2.6 Tacaíocht chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn | Sprioc | Ord na bhfeithiclí iarnróid a bhfuil tiomáint mhalartach acu | - | Líon na bhfeithiclí iarnróid a ordaíodh | 0 | 200 | C2 | 2026 | Eisíodh orduithe nó dearbhuithe ordaithe nó conarthaí le haghaidh 200 feithicil iarnróid (ghluaisteáin) ar a laghad le tiomáint mhalartach (seachas gnáthdhíosal). |
| 39 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an leasaithe lena leathnaítear treoirlínte tacaíochta atá ann cheana (Förderrichtlinien) den Chlár Náisiúnta Nuálaíochta um Theicneolaíocht Hidrigine agus Breosla-Chille (NIP) (nó mura gcumhdaítear go leordhóthanach iad leis na treoirlínte tacaíochta atá ann cheana, teacht i bhfeidhm treoirlínte tacaíochta nua) | Foilseachán in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger)* | - | - | - | C4 | 2021 | Cuireadh síneadh ama leis na treoirlínte cistiúcháin ábhartha sa Chlár Náisiúnta Nuálaíochta um Theicneolaíocht Hidrigine agus Breosla-Chille (NIP), atá teoranta don 30 Meitheamh 2021 faoi láthair, agus tháinig an síneadh sin i bhfeidhm. Mura gcumhdaítear tionscadail atá beartaithe faoin mbeart go leordhóthanach leis na treoirlínte tacaíochta atá ann cheana, glacfar treoirlínte tacaíochta ar leithligh. |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc /Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 40 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus cille breosla san iompar a chur chun cinn | Sprioc | Tionscadail le haghaidh feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar | - | Líon na dtionscadal | 0 | 268 | C3 | 2025 | Eisíodh cinntí deontais le haghaidh 268 dtionscadal T&F agus gníomhachtaithe margaidh ar a laghad le haghaidh feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar. |
| 41 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn | Garsprioc | Seirbhísí a sholáthar trí Lárionad nó Lárionaid Teicneolaíochta agus Nuálaíochta um Theicneolaíocht Hidrigine | Soláthar seirbhísí | - | - | - | C2 | 2026 | Soláthróidh an Lárionad (na Lárionaid) Teicneolaíochta agus Nuálaíochta seirbhísí chun, mar shampla, córais bhreosla-chille nó leictrealaithe, fochórais nó comhpháirteanna a fhorbairt; staidéir indéantachta; staidéir mhargaidh; taighde paitinne; ionsamhlú comhpháirteanna atá ann cheana nó a gcóimeáil; sonraíochtaí a fhorbairt le haghaidh comhpháirteanna nó a gcóimeáil; agus léirshamhlú ar chomhpháirteanna, ar shimléir nó ar chórais. |

**C. Comhchuid 1.3: Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid**

Tugann an chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine aghaidh ar dhúshlán an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an aistrithe fuinnimh agus béim á leagan ar athchóiriú atá tíosach ar fhuinneamh.

In earnáil na tógála, tá sé d'aidhm ag an nGearmáin astaíochtaí CO2 a laghdú thart ar 40 % faoi 2030 i gcomparáid leis na leibhéil atá ann faoi láthair (120 milliún tona de choibhéis CO2 in 2020). Faoi 2050, tá sé d'aidhm ag an nGearmáin astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach, lena n-áirítear don stoc foirgneamh sa Ghearmáin. Ag an am céanna, ní mór a áirithiú go mbeidh an tógáil agus an tithíocht inacmhainne i gcónaí.

Is é is aidhm don chomhpháirt tógála agus athchóirithe atá neamhdhíobhálach don aeráid rannchuidiú leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa tomhaltas fuinnimh deiridh le haghaidh téimh agus fuaraithe i bhfoirgnimh a mhéadú. Déanfar bearta tionlacain d'earnáil na tógála adhmaid i dtreo digitiú, ciorclaíocht agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don aeráid freisin toisc go sainaithnítear go bhféadfadh adhmad a bheith ina ábhar tógála atá neamhdhíobhálach don aeráid agus tíosach ar acmhainní, chomh maith le modhanna tógála agus athchóirithe atá costéifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh ama de a bheith mar thoradh orthu.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann leis an aistriú glas, go háirithe córais fuinnimh atá glan, éifeachtúil agus comhtháite agus, go hindíreach, le tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***1.3.1 Infheistíocht: Clár tacaíochta chun tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt***

Is é is cuspóir don infheistíocht seo dlús a chur le forbairt, cur in úsáid agus scaipeadh teicneolaíochtaí, próiseas, táirgí agus seirbhísí nuálacha (an claochlú digiteach) chun úsáid adhmaid mar ábhar tógála atá neamhdhíobhálach don aeráid a mhéadú. Tá sé i gceist leis an mbeart freisin cuidiú le míbhuntáistí agus bacainní struchtúracha a shárú chun go mbeifear in ann tógáil le hadhmad a bhunú ar bhonn cothrom i dtógáil ilstóir ar mhórscála. Chun an dúshlán a bhaineann le haistriú eolais, nuálaíochta agus teicneolaíochta idir taighde agus cleachtas a shárú, tá sé d'aidhm ag an mbeart tuilleadh feabhais a chur ar an líonrú idir gnólachtaí, an saol acadúil agus institiúidí taighde a bhaineann le tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid le hadhmad.

Chuige sin, díreoidh an beart tacaíocht ar sheirbhísí comhairleacha (anailís, meastóireachtaí agus moltaí) atá dírithe ar úsáid adhmaid a mhéadú (adhmad buaircíneach/duillsilteach) agus a bhaineann le digitiú, nuálaíocht seirbhíse agus gnó, barrfheabhsú gnó, agus in-athchúrsáilteacht táirgí foirgníochta. Díreoidh an beart freisin ar bhraislí nuálaíochta a fhorbairt a bhaineann le nuálaíocht agus le tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt. I bhfianaise struchtúr na hearnála, tá sé mar aidhm ag FBManna a bheith mar phríomhthairbhithe na tacaíochta.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021. Comhfhreagraíonn sé sin don tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh úinéirí tionscadail iarratas a dhéanamh ar thacaíocht.

### *1.3.2 Infheistíocht: Saotharlanna beo bardasacha le haghaidh an aistrithe fuinnimh*

Is é is cuspóir don bheart seo réitigh a fhiosrú agus a léiriú maidir le soláthar fuinnimh éifeachtúil agus inbhuanaithe comharsanachtaí uirbeacha. Is éard atá sa bheart deontais do shaotharlanna beo bardasacha le haghaidh suiteálacha a bhaineann le soláthar fuinnimh éifeachtúil agus inbhuanaithe.

### *1.3.3 Infheistíocht: Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh*

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil foirgneamh cónaithe. Is éard atá sa bheart cláir athchóirithe a bhfuil athchóiriú meánleibhéil ar a laghad acu mar a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta agus i mbearta aonair freisin lena n-áirítear bónas cistiúcháin 10 % chun coirí téimh agus gáis feidhmiúla ola/gualbhunaithe atá níos sine ná 20 bliain d'aois a mhalartú.

## C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 42 | 1.3.1 Clár tacaíochta chun earnáil tógála adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin maidir le tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn | Foilsiú san Iris Chónaidhme (*Bundesanzeiger)* agus teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin | - | - | - | C1 | 2021 | Foilsíodh na treoirlínte in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger*), rud a chuireann ar chumas cuideachtaí agus eagraíochtaí incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. |
| 43 | 1.3.1 Clár tacaíochta chun earnáil tógála adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt | Sprioc | Formheas tionscadal a bhaineann le tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt | - | Líon na dtionscadal formheasta | 0 | 17 | C2 | 2022 | Formheasadh 17 dtionscadal ar a laghad, rud a chuir ar chumas na bhfaighteoirí tús a chur lena gcur chun feidhme. |
| 44 | 1.3.2 Saotharlanna beo bardasacha don aistriú fuinnimh | Sprioc | Tionscadail ‘saotharlanna beo’ a fhormheas | - | Líon na dtionscadal formheasta | 0 | 4 | C4 | 2023 | Formheasadh ceithre chomhthionscadal saotharlainne beo ar a laghad trí chinneadh deontais, lenar féidir tús a chur lena gcur chun feidhme. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 45 | 1.3.2 Saotharlanna beo bardasacha don aistriú fuinnimh | Sprioc | Tionscadail chomharsanachta uirbí | - | Uimhir | 0 | 10 | C1 | 2026 | Soláthrófar tuarascálacha maidir le cothromaíocht fuinnimh na 10 gcóras fuinnimh áitiúla, ina léireofar go ndearnadh na córais a thástáil nó go bhfuil siad á bpíolótú. |
| 46 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin chun tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil foirgneamh | Treoirlínte cistiúcháin a fhoilsiú in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger)* | - | - | - | C3 | 2021 | Foilsíodh na treoirlínte, rud a chuireann ar chumas teaghlach agus eagraíochtaí incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú. |
| 47 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla a dhéanamh ar 10 000 aonad tithíochta. | | Líon na n-aonad tithíochta a athchóiríodh | 0 | 10 000 | C4 | 2024 | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla *ar 10 000 aonad tithíochta (Bestätigung nach Durchführung)* a chur i gcrích. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 48 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla a dhéanamh ar 30 000 aonad tithíochta breise | - | Uimhir | 10 000 | 40 000 | C2 | 2026 | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla *ar 30 000 aonad tithíochta eile (Bestätigung nach Durchführung)* a chur i gcrích. |
| 48B | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Bearta athchóirithe aonair a chur i gcrích le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | - | Bearta athchóirithe aonair atá curtha i gcrích | 0 | 145 000 | C4 | 2024 | Cuireadh 145 000 beart athchóirithe aonair ar a laghad i gcrích san iomlán. |

**D. Comhchuid 2.1: Sonraí mar amhábhar na todhchaí**

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar sonraí slán dinimiciúil trí nuálaíocht shonraíbhunaithe a chur chun cinn i gcomhthéacs na straitéise sonraí[3] a ghlac rialtas cónaidhme na Gearmáine an 27 Eanáir 2021, agus trí infheistíochtaí sa taighde, san fhorbairt, sa nuálaíocht agus sa chéad chur in úsáid tionsclaíoch i réimsí straitéiseacha teicneolaíochta atá nasctha le próiseáil sonraí (micrileictreonaic agus bonneagair agus seirbhísí néalríomhaireachta den chéad ghlúin eile) i gcomhthéacs tionscnaimh mhóra ilnáisiúnta.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***2.1.1 Athchóiriú: Beartas nuálach sonraí don Ghearmáin***

Is iad cuspóirí an bhirt litearthacht sonraí a mhéadú sa rialtas, san eolaíocht agus sa tsochaí agus comhroinnt agus úsáid sonraí a chothú. Is éard atá sa bheart Príomh-Eolaithe Sonraí nó Príomhoifigigh Sonraí agus saotharlanna sonraí sa riarachán feidearálach, chomh maith le tacú le tionscadail nó taighde ar idirghabhálaithe sonraí, dípheársantú nó anaithnidiú sonraí, agus litearthacht sonraí.

***2.1.2 Infheistíocht: IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide***

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le tionscnamh trasteorann arb é is aidhm dó cumais a thabhairt don Aontas Eorpach sa chéad ghlúin eile de phróiseálaithe iontaofa ísealchumhachta agus comhpháirteanna leictreonacha eile.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht a chur ar fáil do rannpháirtithe Gearmánacha i dtionscadail atá le cur chun feidhme mar chuid de Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne[4] (IPCEI).

***2.1.3 Infheistíocht: Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile de chuid IPCEI (IPCEI CIS)***

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le tionscnamh trasteorann ar mhórscála maidir le réitigh chliste néalríomhaireachta agus imeall-réitigh.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht airgeadais a sholáthar do rannpháirtithe Gearmánacha i dtionscadail atá le cur chun feidhme mar chuid de Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI).

---

[3] Féach https://www.bundesregierung.de/breg-de/suche/datenstrategie-der-bundesregierung-1845632

[4] Tá IPCEInna faoi réir an cheanglais maidir le fógra a thabhairt agus na hoibleagáide neamhghníomhaíochta in Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh sé, dá réir sin, go mbeadh gá le coigeartuithe chun na tionscadail aonair a roghnú agus chun sainiúlachtaí na dtionscadal aonair a roghnú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair. Ní fhéadfaidh ach tionscadail arna bhformheas le cinneadh ón gCoimisiún faoi na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair Státchabhair a fháil.

## D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna ) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 49 | 2.1.1 Beartas nuálach sonraí don Ghearmáin | Garsprioc | Tús na dtionscadal | Tús na dtionscadal uile | - | - | - | C4 | 2022 | Tá tús curtha le gach tionscadal agus gníomhaíocht de chuid an bhirt. Aon uair is ábhartha, cuireadh nósanna imeachta roghnúcháin i gcrích agus cuireadh tús le tionscadail roghnaithe. |
| 50 | 2.1.1 Beartas nuálach sonraí don Ghearmáin | Garsprioc | Torthaí an tionscadail agus Príomh-Eolaithe Sonraí nó Príomhoifigigh Sonraí agus saotharlanna sonraí | Torthaí an tionscadail agus Príomh-Eolaithe Sonraí nó Príomhoifigigh Sonraí agus saotharlanna sonraí | | - | - | C1 | 2026 | (i) Cuireadh uirlis bogearraí nó leabharlann amháin ar a laghad a thacaíonn le tástáil taighde-bhunaithe ar idirghabhálaithe sonraí ar fáil go poiblí trí stór poiblí nó trí leathanach gréasáin poiblí.<br><br>(ii) Foilsíodh torthaí tionscadail maidir le sonraí a dhíphearsantú nó a anaithnidiú i bhfoilseachán eolaíoch piarmheasúnaithe amháin ar a laghad.<br><br>(iii) Foilsíodh ardán le haghaidh litearthacht sonraí san eolaíocht ar leathanach gréasáin poiblí.<br><br>(iv) Foilsíodh bosca uirlisí, i.e. ardán digiteach atá inúsáidte go héasca ina bhfuil uirlisí chun oibriú le sonraí (e.g. timpeallacht chódúcháin agus ranganna teagaisc), le haghaidh litearthacht sonraí ar leathanach gréasáin poiblí. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | (v) Beidh Príomheolaí Sonraí nó Príomhoifigeach Sonraí agus saotharlann sonraí ag 15 aireachtaí cónaidhme agus ag an seansailéireacht chónaidhme ar a laghad. |
| 52 | 2.1.2 IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide | Garsprioc | Dearadh ábhair an IPCEI atá beartaithe | Próiseas náisiúnta an ghlao ar léiriú spéise a chur i gcrích chun tionscadail sa Ghearmáin a shainaithint | - | - | - | C2 | 2021 | Tá an nós imeachta maidir le léiriú spéise curtha i gcrích. Sainaithníodh tionscadail fhéideartha agus rannpháirtithe tionscadail sa Ghearmáin. |
| 53 | 2.1.2 IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide | Sprioc | Na chéad tionscadail a sheoladh | - | Líon na dtionscad al | 0 | 10 | C4 | 2022 | Síníodh deich gcinn de chinntí deontais. |
| 54 | 2.1.2 IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide | Sprioc | Forghníomhú an bhuiséid – eisíocaíocht EUR 1 275 000 000 ar a laghad | - | EUR milliún | 0 | 1 275 | C2 | 2026 | Gealladh EUR 1 425 000 000 ar a laghad (trí chinntí deontais a shíniú) agus eisíocadh EUR 1 275 000 000 ar a laghad. |
| 55 | 2.1.3 Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireach ta IPCEI na Chéad Ghlúine Eile (IPCEI CIS) | Garsprioc | Seoladh R&D&Tionscadail I | Síniú na gcinntí deontais le haghaidh tionscadail T&ampa;D& | - | - | - | C4 | 2022 | Síníodh na cinntí deontais le haghaidh gach tionscadail T&F&F&Lampa;I a chumhdaítear leis an gcinneadh maidir le Státchabhair IPCEI. Áirithíodh leis na critéir roghnúcháin go dtugann níos mó ná 50 % de na tionscadail sin aghaidh ar |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna ) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | ampa;I | | | | | | éifeachtúlacht fuinnimh mar cheann dá bpríomhthosaíochtaí agus go gcomhlíonann siad an Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí. |
| 56 | 2.1.3 Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta IPCEI na Chéad Ghlúine Eile (IPCEI CIS) | Sprioc | Oscailte-stórtha foinse nó acmhainní gréasáin eile ina bhfuil cód | | Stórtha | 0 | 35 | C2 | 2026 | Tá stórtha foinse oscailte nó acmhainní gréasáin eile a bhfuil rochtain saor in aisce orthu ina bhfuil cód curtha ar bun ag 3 chomhpháirtí dhíreacha agus 8 gcomhpháirtí indíreacha. Tá 350 gealltanas ar a laghad faighte ag 35 ar a laghad de na stórtha nó de na hacmhainní gréasáin sin. |

**E. Comhchuid 2.2: Digitiú an Gheilleagair**

Is iad cuspóirí chomhpháirt phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine tacú le haistriú digiteach gheilleagar na Gearmáine agus leis na dúshláin a eascraíonn as. Tugtar aghaidh sa chomhpháirt ar ghnéithe bunriachtanacha amhail taighde agus nuálaíocht maidir le teicneolaíochtaí digiteacha, agus scileanna. Tá sé d'aidhm aige freisin tacaíocht shonrach a chur ar fáil d'earnálacha na ngluaisteán agus an iarnróid.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht san aistriú digiteach (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***2.2.1 Infheistíocht: Clár infheistíochta thionscal an mhonaróra/an tsoláthair feithiclí***

Is é is cuspóir don bheart tacaíocht a chur ar fáil d'aistriú digiteach agus éiceolaíoch thionscal na ngluaisteán.

Is éard atá san infheistíocht tacú le tionscadail in earnáil na bhfeithiclí (gan tacaíocht spriocdhírithe le haghaidh teicneolaíochtaí innill dócháin breosla iontaise a áireamh), mar shampla infheistíochtaí nó taighde agus forbairt le haghaidh (i) digitiú na bpróiseas táirgthe, (ii) teicneolaíochtaí agus córais nuálacha feithiclí le haghaidh tiomáint uathoibrithe, leictriú éifeachtúil nó tógáil ábhair éadroim, nó (iii) braislí nuálaíochta réigiúnacha chun tionscal na bhfeithiclí a chlaochlú.

***2.2.2 Athchóiriú: An clár feidearálach 'Líonraí oideachais agus oiliúna leanúnaí (líonraí CET) a thógáil'***

Is é is cuspóir don bheart tacú le 'líonraí TCE', mar a thugtar orthu, a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí oiliúna a eagrú.

Is éard atá san infheistíocht tacaíocht a thabhairt do líonraí CET a roghnaítear faoin gclár feidearálach 'Líonraí CET a thógáil'.

***2.2.3 Infheistíocht: An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr (dtec.bw)***

Is é is cuspóir don bheart tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta maidir le réimsí straitéiseacha teicneolaíochta don todhchaí, chun rannchuidiú le ceannasacht dhigiteach agus theicneolaíoch na Gearmáine agus na hEorpa.

Is éard atá san infheistíocht tacú le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta faoi stiúir Ionad Taighde um Dhigitiú agus Teicneolaíocht an Bundeswehr (dtec.bw).

***2.2.4 Infheistíocht: Digiteáil an iarnróid a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/mhearchláir chun dlús a chur le rolladh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' (SLP)***

Is é is cuspóir don bheart tacú le digitiú an iarnróid i gcomhthéacs an tionscnaimh 'Iarnród

Digiteach na Gearmáine' agus an chláir 'mear' arb é is aidhm dó dlús a chur leis. Bailíonn an tionscnamh seo páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha le chéile (lena n-áirítear An tÚdarás Cónaidhme Iarnróid (ÚBE), eagraíochtaí taighde agus teicniúla agus an tionscal, i measc nithe eile) chun comhpháirteanna caighdeánaithe, idir-inoibritheacha agus modúlacha a fhorbairt chun oibríochtaí iarnróid a dhigitiú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seacht dtreoirthionscadal den chlár a chistiú, arb é is aidhm dóibh réitigh a fhorbairt chun córais sláindála den ghlúin dhigiteach is déanaí a chur in ionad seanbhoscaí comharthaí agus córais cosanta crosairí comhréidhe.

Cuirfidh ceithre cinn de na tionscadail sin ar chumas gnólachtaí bunaithe réitigh nua a dheimhniú i gcomhthéacs oibríochtúil, agus cuirfidh na trí cinn eile ar chumas soláthraithe breise a réitigh a bhailíochtú i dtástálacha saotharlainne. Beidh na réitigh nua a fhorbróidh na tionscadail sin comhoiriúnach le sonraíochtaí teicniúla chlár 'Iarnród Digiteach na Gearmáine'. Tá sé d'aidhm acu freisin a bheith in-uasghrádaithe agus comhoiriúnach le huasghrádú ETCS (an Córas Eorpach um Rialú Traenacha) ina dhiaidh sin trí chomhéadain aonfhoirmeacha córais.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Márta 2023.

## E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne thascach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 59 | 2.2.1 Clár infheistíochta do mhonaróirí/soláthraithe feithiclí | Garsprioc | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin uile | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger*) | - | - | - | C1 | 2021 | Foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin uile le haghaidh na gceithre chineál beart tacaíochta faoin gclár in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger*) agus tá siad ceangailteach ó thaobh dlí de anois. |
| 60 | 2.2.1 Clár infheistíochta do mhonaróirí/soláthraithe feithiclí | Sprioc | Tionscadail a fhormheas | - | Líon na dtionscadal arna bhformheas | 0 | 401 | C1 | 2023 | Formheasadh 401 thionscadal cistiúcháin ar a laghad (do na trí mhodúl) agus tá cinneadh tacaíochta faighte acu lena gcur chun feidhme. |
| 61 | 2.2.1 Clár infheistíochta do mhonaróirí/soláthraithe feithiclí | Sprioc | Tionscadail a thabhairt chun críche | - | Líon na bhfógraí deiridh a eisíodh | 0 | 531 | C2 | 2026 | I gcás 531 thionscadal cistiúcháin ar a laghad a formheasadh idir 2021 agus 2026, eisíodh fógra críochnaitheach (*Schlussvermerk* nó *Schlussbescheid).* |
| 62 | 2.2.2 Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Garsprioc | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger)* | - | - | - | C2 | 2020 | Foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger*) agus tá siad ceangailteach ó thaobh dlí de anois. |
| 63 | 2.2.2 Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Sprioc | Rannpháirtíocht ghníomhach fiontar breise i líonraí CET | - | Líon na bhfiontar breise atá rannpháirteach i líonraí CET | 0 | 200 | C4 | 2022 | Glacann 200 fiontar breise ar a laghad páirt i líonraí CET. Glacann na cuideachtaí sin páirt i mbailiú riachtanas oiliúna, i ndearadh beart nó modúl oiliúna nua agus in úsáid beart nó modúl oiliúna atá beartaithe in éineacht le cuideachtaí eile (ní mheasfar gur rannpháirtíocht ghníomhach í úsáid faisnéise agus rannpháirtíocht in imeachtaí amháin). |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na sprice sin ach cuideachtaí nár ainmníodh cheana mar chomhpháirtithe comhair ag tús na comhghuaillíochta scileanna faoi seach. |
| 64 | 2.2.2 Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Sprioc | Rannpháirtíocht nó rannchuidiú líonraí CET le bearta nó fomhodúil oiliúna nua nó athbhreithnithe | - | Líon na mbeart nó na bhfobheart nua nó athbhreithnithe | 0 | 60 | C4 | 2024 | Bhí baint ag líonraí CET le 60 fomhodúl nó beart oiliúna athbhreithnithe nó nua nó rannchuidíonn siad leo (mar a léirítear mar shampla le hábhair oiliúna, measúnuithe ar riachtanais nó doiciméid eile lena gcruthaítear rannpháirtíocht CET). |
| 65 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Tionscadail taighde a sheoladh | - | Líon na dtionscadal | 0 | 68 | C1 | 2021 | Síníodh 68 ndeontas cistiúcháin ar a laghad agus tá maoiniú faighte ag na 68 dtionscadal chomhfhreagracha agus féadfaidh siad tús a chur lena ngníomhaíocht taighde. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 66 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Garsprioc | Tuarascáil ar aschuir taighde agus aistrithe | Tuarascáil a fhoilsiú chuig an Aireacht Cónaidhme Cosanta lena ndeimhnítear dul chun cinn rathúil na dtionscadal | - | - | - | C4 | 2023 | Foilsíodh tuarascáil chuig an Aireacht Chónaidhme Cosanta, ina ndeimhnítear dul chun cinn na dtionscadal maoinithe i dtéarmaí aschuir taighde, comhar, aistriú eolais agus aistriú teicneolaíochta leis an méid seo a leanas ar a laghad (ar an iomlán):<br>- 200 foilseachán;<br>- 70 comhoibriú a tionscnaíodh le hinstitiúidí taighde eile;<br>- 30 comhoibriú a tionscnaíodh le cuideachtaí tionsclaíocha agus gnólachtaí nuathionscanta;<br>- 15 chomhar a tionscnaíodh le gníomhaireachtaí na bhFórsaí Armtha Cónaidhme agus leis an riarachán poiblí;<br>- 10 bhfréamhshamhail de theicneolaíochtaí aibí; agus<br>- 10 n-iarratas ar phaitinn.<br>Ina theannta sin, foilsíodh meastóireacht sheachtrach ar an mbeart ag Comhairle Eolaíochta na Gearmáine freisin. |
| 67 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Leanúint de thionscadail | - | Líon na dtionscadal a measúnaíodh a bheith ag dul chun cinn go sásúil | 0 | 40 | C2 | 2024 | Ar bhonn meastóireacht eatramhach, meastar go bhfuil 40 tionscadal ar a laghad ag dul chun cinn go sásúil agus féadfaidh siad leanúint dá ngníomhaíochtaí. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 69 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Aschuir an tionscadail | | Líon na n-aschur | 0 | 710 | C1 | 2026 | Tuarascáil a chuir Ionad Taighde um Dhigitiú agus Teicneolaíocht Bundeswehr faoi bhráid na hAireachta Cónaidhme Cosanta, lena ndeimhnítear na haschuir seo a leanas:<br>- 410 bhfoilseachán;<br>- 60 tráchtas dochtúireachta curtha isteach;<br>- 200 comhoibriú a tionscnaíodh le hinstitiúidí taighde eile, le cuideachtaí, le gnólachtaí nuathionscanta nó le gníomhaireachtaí de chuid na bhFórsaí Armtha Cónaidhme agus leis an riarachán poiblí (mar a léirítear le litreacha intinne, litreacha deimhniúcháin, nó comhaontuithe comhair, mar shampla);<br>- 20 fréamhshamhail de theicneolaíochtaí;<br>- 20 iarratas ar phaitinn. |
| 70 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/ghasta chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród | Garsprioc | Síniú an chomhaontaithe maoinithe don chlár 'mear' idir an Rialtas Cónaidhme agus Deutsche Bahn AG | Comhaontú maoinithe sínithe idir an Rialtas Cónaidhme agus Deutsche Bahn AG | - | - | - | C4 | 2020 | Síníodh an comhaontú maoinithe idir an Rialtas Cónaidhme agus Deutsche Bahn AG. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | Digiteach na Gearmáine' | | | | | | | | | |
| 71 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/ ghasta chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Garsprioc | Tuarascáil eatramhach ar chur chun feidhme | Tuarascáil eatramhach a chuir DB Netz AG faoi bhráid na hAireachta Cónaidhme um Dhigitiú agus Iompar (BMDV) agus an Údaráis Fheidearálaigh Iarnróid (ÚBE) maidir le cur chun feidhme an chláir | - | - | - | C2 | 2021 | Chuir DB Netz AG tuarascáil faoi bhráid na hAireachta Cónaidhme um Dhigitiú agus Iompar (BMDV) agus an Údaráis Fheidearálaigh Iarnróid (ÚBE) maidir le cur chun feidhme an chláir. |
| 72 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/ghasta chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Sprioc | Tionscadail phíolótacha a chur i gcrích go rathúil | - | Líon na dtreoirthions cadal a cuireadh i gcrích | 0 | 6 | C4 | 2021 | Cuireadh sé thionscadal phíolótacha de chuid an chláir i gcrích go rathúil, arb é is aidhm dóibh réitigh a fhorbairt chun córais slándála den ghlúin dhigiteach is déanaí a chur in ionad seanbhoscaí comharthaí agus córais cosanta crosairí comhréidhe, agus bailíochtú i ndálaí oibríochtúla do thrí cinn acu ar a laghad, agus bailíochtú i ndálaí saotharlainne do na cinn eile. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Garsprioc/ Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 72A | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/ghasta chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Sprioc | An treoirthionscadal deiridh a chur i gcrích go rathúil | - | Líon na dtreoirthionscadal a cuireadh i gcrích | 6 | 7 | C1 | 2023 | Cuireadh treoirthionscadal deiridh an chláir i gcrích go rathúil le bailíochtú faoi dhálaí oibríochtúla. |

**F. Comhchuid 3.1: Digitiú an Oideachais**

Díríonn an chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine ar thacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'infheistíochtaí san aistriú digiteach san oideachas. Is é an aidhm fhoriomlán ná teagasc digiteach agus foghlaim dhigiteach níos mó agus níos fearr a cheadú ar fud na gcóras oideachais agus oiliúna éagsúla sa Ghearmáin.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar dhúshlán an oideachais dhigitigh sa Ghearmáin. Tá an dúshlán a sainaithníodh le fada níos measa mar gheall ar phaindéim COVID-19 toisc go raibh an dianghlasáil ghaolmhar ina cúis le dúnadh suíomhanna oideachais amhail scoileanna, institiúidí oiliúna agus ollscoileanna. Leis an aistriú chuig an oideachas ar líne, tá an bonneagar fo-optamach agus na bunscileanna digiteacha ag cur isteach ar na próisis foghlama.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach maidir leis an infheistíocht a dhíriú ar an aistriú digiteach, go háirithe ar an oideachas (Moladh Tírshonrach 2 in 2020 agus 1 in 2019) agus feabhas a chur ar thorthaí oideachais agus ar leibhéil scileanna grúpaí faoi mhíbhuntáiste (Moladh Tírshonrach 2 in 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**F.1. <u>Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha</u>**

***3.1.1 Infheistíocht: Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí***

Is é cuspóir an bhirt seo cur leis an teagasc digiteach agus leis an bhfoghlaim dhigiteach i scoileanna. Is éard atá i gceist leis ná gléasanna digiteacha soghluaiste a fheistiú ar mhúinteoirí ar bhonn iasachtaithe.

***3.1.2 Athchóiriú: Ardán oideachais***

Is é cuspóir an bhirt seo bonneagar líonra a fhorbairt a thacaíonn, le modhanna digiteacha, le forbairt inniúlachtaí ag foghlaimeoirí. Is éard atá ann bonneagar digiteach chun foghlaimeoirí agus institiúidí oideachais a nascadh le chéile.

***3.1.3 Athchóiriú: Ionaid oideachais barr feabhais***

Is é is cuspóir don bheart seo an t-oideachas digiteach a institiúidiú mar chuid den chreat seanbhunaithe oideachais múinteoirí agus breisoideachais. Is éard atá ann tacú le lárionaid inniúlachta don oideachas digiteach trí ábhar eolaíoch a sholáthar.

***3.1.4 Infheistíocht: Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú***

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le digitiú na bhFórsaí Armtha Cónaidhme (*Bundeswehr).* Is éard atá ann institiúidí oideachais na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a fheistiú le teicneolaíocht faisnéise.

## F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 73 | 3.1.1 Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí | Garsprioc | Comhaontú riaracháin | Tabhairt i gcrích an chomhaontaithe riaracháin idir Rialtas Cónaidhme na Gearmáine agus na comhlachtaí rialaithe ar leibhéal Länder | - | - | - | C1 | 2021 | Foilsiú an chomhaontaithe riaracháin in Iris Chónaidhme (*Bundesanzeiger*) idir Rialtas Cónaidhme na Gearmáine agus na comhlachtaí rialaithe ar leibhéal Länder chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme. |
| 74 | 3.1.1 Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí | Sprioc | EUR 475 000 000 ar a laghad a eisíoc leis na tionscadail a fhaigheann tacaíocht | - | EUR milliún | 0 | 475 | C1 | 2022 | As an EUR 500 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, eisíocadh EUR 475 000 000 ar a laghad chun trealamh digiteach a sholáthar do mhúinteoirí. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 76 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin le haghaidh fréamhshamhlacha ardáin oideachais agus soláthar a seoladh | Foilsiú na dtreoirlínte maoinithe agus an ghlao ar thairiscintí in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger)* | - | - | - | C1 | 2022 | Tháinig treoirlínte maoinithe i bhfeidhm chun trí fhréamhshamhail ar leith den mheitea-ardán ar oideachas a fhorbairt, chomh maith le tionscadail taighde tras-chomhoiriúnacha, a bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí agus múinteoirí orthu. Ag brath ar thoradh na dtionscadal sin, soiléirítear príomhghnéithe shonraíochtaí an tionscadail agus seolfar an nós imeachta soláthair. |
| 77 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Seoladh leagan béite an ardáin oideachais | Seoladh leagan béite den ardán ar shuíomh gréasáin na hAireachta Cónaidhme Oideachais agus Taighde (BMBF) | - | - | - | C3 | 2023 | Beidh leagan béite den ardán oideachais ar líne, agus beidh na seirbhísí agus na feidhmeanna uile a shainaithin an Aireacht Chónaidhme Oideachais agus Taighde (BMBF) sa tuairisc fheidhmiúil mar ardtosaíocht. Áirítear ar na feidhmeanna seo rochtain ar fhaisnéis, próifíl úsáideora, comhoibriú, bainistíocht aitheantais agus rochtana, sreafaí oibre, bosca isteach. Beidh iniúchtaí breise slándála agus cosanta sonraí agus tástálacha ualaigh rathúla ag gabháil leis an seoladh. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 78 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Tuarascáil mheastóireachta ar an ardán oideachais | Foilsiú na tuarascála meastóireachta in Iris na Cónaidhme *(Bundesanzeiger)* | - | - | - | C3 | 2024 | Foilsíodh tuarascáil mheastóireachta an ardáin oideachais, le measúnú lena ndeimhnítear gur éirigh leis an tionscadal. Beidh rath ar an tionscadal má mholtar leanúint den ardán oideachais nó má tá príomh-chomhpháirteanna, mar shampla 'deimhnithe digiteacha', 'sparán', 'céannachtaí digiteacha', 'spás sonraí' nó 'taispeáint/binse oibre' inúsáidte go teicniúil mar a léirítear le tástálacha nó lena n-úsáid ag geallsealbhóirí eile. |
| 79 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na gcéad treoirlínte cistiúcháin agus an chéad ghlao ar thairiscintí le haghaidh gníomhaireacht fhorghníomhaith each tionscadail le haghaidh an chláir fhoriomláin | Foilsiú na gcéad treoirlínte cistiúcháin in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger*) agus foilsiú glao ar thairiscintí ar ardán dámhachtana. | - | - | - | C4 | 2021 | Faoi cheannaireacht na hAireachta Cónaidhme Oideachais agus Taighde (BMBF), tháinig na chéad treoirlínte maoinithe i bhfeidhm agus foilsíodh iad. Roghnaíodh gníomhaireacht feidhmiúcháin tionscadail bunaithe ar iarratais a fuarthas trí ghlao poiblí ar thairiscintí ar ardán dámhachtana. |
| 80 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Sprioc | 45 thionscadal taighde ar a laghad a fhormheas | - | Líon na dtionscadal taighde a formheasadh agus atá idir lámha | 0 | 45 | C3 | 2022 | Tá ar a laghad 45 tionscadal taighde ceadaithe ag an ngníomhaireacht feidhmiúcháin tionscadail agus tá siad idir lámha. Foilsíodh torthaí trí chatalóg Chónaidhme na gcistí (Förderkatalog) agus trí shuíomh gréasáin *BMBF*. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 81 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm trí threoirlíne cistiúcháin bhreise | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin breise in Iris na Cónaidhme (*Bundesanzeiger)* | - | - | - | C3 | 2022 | Faoi cheannaireacht na hAireachta Cónaidhme Oideachais agus Taighde (BMBF), tá trí threoirlíne chistiúcháin bhreise, a bhfuil treoshuíomh téamach sonrach ag gach ceann acu, tagtha i bhfeidhm agus foilsíodh iad. |
| 82 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Garsprioc | Tuarascáil mheastóireachta deiridh e xternal maidir le tionscadail taighde a dtacaítear leo | Foilsiú na tuarascála meastóireachta seachtraí críochnaithí | | | | C2 | 2026 | Foilsíodh an tuarascáil mheastóireachta seachtraí deiridh ar thionscadail taighde a dtacaítear leo. |
| 83 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Garsprioc | Conradh tionscadail sínithe | Conradh tionscadail sínithe leis an soláthraí seirbhíse TF | - | - | - | C1 | 2021 | Síníodh an conradh tionscadail don chéad chéim chun measúnú a dhéanamh ar chórais TF shaoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme (*Bundeswehr*) idir Oifig Chónaidhme Trealaimh, Teicneolaíochta Faisnéise agus Tacaíochta Inseirbhíse na bhFórsaí Armtha Cónaidhme (BBAAINBw), údarás cónaidhme sibhialta níos airde atá go díreach faoi réir Aireacht Cosanta na Cónaidhme (BMVg) agus an soláthraí TF, ina sonraítear príomhchéimeanna san obair mheasúnaithe amach anseo. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 84 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Sprioc | Anailís ar institiúidí oideachais agus a riachtanais TF a shainaithint | - | Líon na n-institiúidí oideachais a ndearnadh anailís iomlán orthu | 0 | 60 | C1 | 2022 | Ghlac an Aireacht Chónaidhme Cosanta *(BMVg)* tuarascáil mheasúnaithe. Léireofar sa tuarascáil sin go ndearnadh anailís ar thimpeallachtaí agus riachtanais TF na 60 institiúid oideachais a ainmníodh ar dtús, agus gur sainaithníodh na riachtanais agus na féidearthachtaí cur chun feidhme. |
| 85 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Garsprioc | Final assessment report on the modernisation of education institutions [Tuarascáil mheastóireachta maidir le nuachóiriú na n-institiúidí oideachais] | Thug an Aireacht Chónaidhme Cosanta (BMVg) dá haire an tuarascáil mheasúnaithe deiridh maidir le nuachóiriú na n-institiúidí oideachais | | | | C1 | 2026 | Thug an Aireacht Chónaidhme Cosanta (BMVg) dá haire tuarascáil mheasúnaithe deiridh ó Bhainisteoir Tionscadail BAAINBw maidir le torthaí nuachóiriú na n-institiúidí oideachais. |

**G. Comhchuid 4.1: Cuimsiú sóisialta a neartú**

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, slógtar acmhainní chun feabhas a chur ar ghnéithe éagsúla den chuimsiú sóisialta: (i) cuimsiú na mban agus na dtuismitheoirí i gcoitinne sa mhargadh saothair, (ii) feabhas a chur ar thorthaí oideachais agus ar scileanna do mhic léinn a bhfuil riaráiste foghlama acu, ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste go minic, (iii) printíseachtaí a chosaint, agus ar an gcaoi sin tacú le daoine óga dul isteach sa mhargadh saothair, (iv) pá sa bhaile agus poist a chosaint trí mhéadú ar an ding chánach a sheachaint, agus (v) trédhearcacht a mhéadú ar fud na dtrí cholún den chóras pinsin agus, ar an gcaoi sin, rochtain ar chosaint shóisialta a mhéadú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach maidir le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar oideachas agus ar chánacha a aistriú ó shaothar (Moladh Tírshonrach 1 in 2019), maidir le dídhreasachtaí chun níos mó uaireanta oibre a laghdú, maidir le bearta a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a chosaint agus leordhóthanacht leibhéal na bpinsean á coinneáil ag an am céanna agus maidir le feabhas a chur ar thorthaí oideachais agus ar leibhéil scileanna grúpaí faoi mhíbhuntáiste (Moladh Tírshonrach 2 in 2019) agus maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar oideachas (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***4.1.1 Infheistíocht: An clár infheistíochta 'Maoiniú cúraim leanaí' 2020/21: ciste speisialta 'Leathnú ar Chúram Lae Leanaí'***

Is é cuspóir an bhirt saoráidí cúraim leanaí nua a chruthú agus saoráidí atá ann cheana a athchóiriú.

Is éard atá ann teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí agus tacaíocht do Länder agus d'údaráis áitiúla.

***4.1.2 Athchóiriú: Ráthaíocht Shóisialta 2021***

Is é is cuspóir don bheart a sheachaint go spreagfaidh tionchar airgeadais COVID-19 arduithe fairsinge ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, pá sa bhaile a dhiúltú agus costais saothair a mhéadú.

Chun na críche sin, soláthróidh an Rialtas Cónaidhme aistrithe fioscacha do na cistí slándála sóisialta chun a mbearna mhaoinithe a líonadh, agus leis sin seachnófar gur mó ráta ranníocaíochta na ranníocaíochtaí slándála sóisialta ná 40 % in 2021.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

***4.1.3 Infheistíocht: Tacaíocht printíseachta***

Is é is cuspóir don bheart gníomhú in aghaidh an laghdaithe ar líon na bprintíseachtaí a bhaineann le COVID-19.

Chun na críche sin, cuirfidh an rialtas tacaíocht airgeadais ar fáil do FBManna a ghlacann le printísigh agus a choinníonn a leibhéal reatha oiliúna, a chruthaíonn tuilleadh

printíseachtaí, obair ghearr-ama a sheachaint (*Kurzarbeit)* do phrintísigh, nó printísigh a ghlacadh ó chuideachtaí atá dócmhainneach anois.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Nollaig 2022.

***4.1.4 Athchóiriú: Tacaíocht oideachais do mhic léinn a bhfuil riaráiste foghlama acu***

Is é is cuspóir don bheart a sheachaint go n-éireoidh riaráiste foghlama sealadach daingnithe mar gheall ar chur isteach a bhaineann le COVID-19.

Chun na críche sin, cuirfidh an Rialtas Cónaidhme tacaíocht airgeadais ar fáil don Länder ionas go gcuirfidh siad cúrsaí agus meantóireacht bhreise ar fáil do dhaltaí, agus béim á leagan ar chroí-ábhair agus ar chroí-inniúlachtaí, mar shampla teanga, matamaitic agus eolaíocht na Gearmáine.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meán Fómhair 2022.

***4.1.5 Athchóiriú: Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach***

Is é cuspóir an bhirt seo Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach a chruthú, tairseach chun faisnéis a sholáthar do shaoránaigh faoina soláthar pinsin aonair.

Is éard atá i gceist leis an mbeart seo tairseach faisnéise pinsin a bhunú ag Ciste Pinsin na Gearmáine (*Deutsche Rentenversicherung Bund),* a gceanglaítear go dlíthiúil ar sholáthraithe pinsin faisnéis a sholáthar dó.

## G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireacháin agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 86 | 4.1.1 Infheistíocht An Clár ‘Maoiniú Cúraim Leanaí’ 2020/21: ciste speisialta ‘Leathnú ar Chúram Lae Leanaí’ | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Maoiniú Cúraim Leanaí agus an Achta Cónaidhme um Chúnamh Airgeadais agus na rialachán cur chun feidhme ar leibhéal Länder | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta um Maoiniú Cúraim Leanaí agus an Achta Cónaidhme um Chúnamh Airgeadais chomh maith leis na rialacháin cur chun feidhme a bhaineann go sonrach le Länder | - | - | - | C4 | 2020 | Tá leasuithe ar an Acht um Maoiniú Cúraim Leanaí agus ar an Acht Cónaidhme um Chúnamh Airgeadais (KitaFinHG) chun cúram lae do leanaí a leathnú tagtha i bhfeidhm. Ghlac an Länder na rialacha cónaidhme agus rinne sé níos sainiúla iad ina rialacháin Länder. |
| 87 | 4.1.1 Infheistíocht An Clár ‘Maoiniú Cúraim Leanaí’ 2020/21: ciste speisialta ‘Leathnú ar Chúram Lae Leanaí’ | Garsprioc | Tuarascáil eatramhach a fhoilsiú i gcomhréir le KitaFinHG | Tuarascálacha eatramhacha a fhoilsiú ina bhfuil méid an chistithe, líon na n-áiteanna cúraim leanaí, cineál agus líon an trealaimh faoi seach i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla agus leis na pléití comhordúcháin ábhartha idir an rialtas cónaidhme | - | - | - | C4 | 2023 | Foilsíodh tuarascáil eatramhach maidir le háiteanna cúraim leanaí ceadaithe agus cruthaithe agus infheistíochtaí i dtrealamh (§ 30 (2) agus (3) KitaFinHG). Thuairiscigh an Länder ábhartha don rialtas feidearálach maidir le staid an chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le cistiú, líon na n-áiteanna cúraim leanaí, cineál agus líon na n-infheistíochtaí faoi seach le haghaidh trealaimh, i gcomhréir leis na hoibleagáidí faireacháin agus treorach. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | agus an Länder. | | | | | | |
| 88 | 4.1.1 Clár infheistíochta ‘Maoiniú cúraim leanaí’ 2020/21: ciste speisialta ‘Leathnú ar Chúram Lae Leanaí’ | Garsprioc | Tuarascálacha Länder a chur isteach maidir le líon na n-áiteanna cúraim leanaí | Tá a dtuarascálacha curtha isteach ag an Länder maidir le háiteanna cúraim leanaí. | | | | C4 | 2025 | Chuir an Länder a dtuarascálacha faoi bhráid na hAireachta Cónaidhme Oideachais, Gnóthaí Teaghlaigh, Seanóirí, Mná agus Óige. D'eisigh an aireacht tuarascáil a dhearbhaíonn gur maoiníodh 45 000 áit cúraim leanaí. |
| 89 | 4.1.2 Ráthaíocht Shóisialta 2021 | Garsprioc | Fíorú ar an meánráta ranníocaíochta slándála sóisialta don bhliain 2021 | Ráta iomlán na ranníocaíochta slándála sóisialta a ríomhtar agus a shuitear nár sháraigh sé 40 % | - | - | - | C4 | 2021 | Ríomhfar an ráta ranníocaíochta slándála sóisialta iomlán don bhliain 2021 agus suitear nár tháinig méadú os cionn 40 % air sin. Ríomhfar an ráta ranníocaíochta slándála sóisialta iomlán mar shuim na rátaí ranníocaíochta le haghaidh pinsean, dífhostaíochta, cúraim fhadtéarmaigh (gan forlíonadh gan leanbh) agus árachais cúraim sláinte lena n-áirítear an meánráta ranníocaíochta breise faoi § 242a Cód Sóisialta V (SGB V). |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 90 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin athbhreithnithe don chlár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* | Treoirlínte maoinithe athbhreithnithe a fhoilsiú | - | - | - | C2 | 2021 | Foilsíodh na treoirlínte cistiúcháin athbhreithnithe lena gcumhdaítear an clár cónaidhme iomlán *Ausbildungsplätze sichern* san Iris Chónaidhme *(Bundesanzeiger),* rud a léiríonn an cinneadh comh-aireachta a rinneadh an 17 Márta 2021. |
| 91 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Sprioc | Eis-sreabhadh tacaíochta don chlár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* | - | EUR milliún | 0 | 282 | C4 | 2022 | Eisíocadh EUR 282 000 000 ar a laghad le faighteoirí faoin gclár. |
| 92 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Sprioc | Cinntí dámhachtana maidir le hiarratais ar an gclár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* | - | Líon na n-iarratas incháilithe ar dámhadh cistiú orthu | 0 | 70 000 | C4 | 2022 | Bronnadh maoiniú ar 70 000 iarratas incháilithe ar a laghad faoin gclár. |
| 93 | 4.1.4 Tacaíocht oideachais do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu | Garsprioc | Comhaontú idir an Rialtas Cónaidhme agus an Länder chun tacaíocht foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riaráistí foghlama paindéime acu. | Glacann Länder agus an Rialtas Cónaidhme an comhaontú cistiúcháin | - | - | - | C2 | 2021 | Ghlac an Rialtas Cónaidhme agus Länder an comhaontú cistiúcháin ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht foghlama a mhaoiniú. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 94 | 4.1.4 Tacaíocht oideachais do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu | Sprioc | Fuair 1 000 000 mac léinn tacaíocht foghlama | - | Líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht faoin gclár | 0 | 1 000 000 | C3 | 2022 | Tá tacaíocht foghlama faighte ag 1 000 000 dalta ar a laghad mar chuid den chlár, mar a cruthaíodh sa tuarascáil faireacháin. |
| 95 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Fhorbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an bhForbhreathnú ar Phinsean Digiteach | - | - | - | C1 | 2021 | Foilsíodh an dlí maidir leis an bhForbhreathnú ar Phinsean Digiteach (RentÜG) san Iris Chónaidhme (*Bundesanzeiger*) agus tháinig sé i bhfeidhm. |
| 96 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | An fhorbairt agus an chéad chéim oibríochtúil a thabhairt chun críche. | Tá an tairseach ar fáil agus rinneadh tástáil uirthi sa chéad chéim oibríochtúil. Chuir ZfDR an tuarascáil mheastóireachta ar an gcéad chéim oibríochtúil faoi bhráid an choiste stiúrtha le haghaidh tuilleadh plé. | - | - | - | C4 | 2023 | Sholáthair an comhlacht comhordúcháin atá freagrach as an bhforbhreathnú ar phinsin dhigiteacha (ZfDR, *Zentrale Stelle für die Digitale Rentenübersicht*) tuarascáil mheastóireachta de réir § 6 (3) RentÜG den chéad chéim oibríochtúil, ina ndéantar measúnú ar an leibhéal inúsáidteachta agus infheidhmitheachta a baineadh amach do sholáthraithe pinsin. Sainaithneofar go soiléir sa tuarascáil gníomhaíochtaí féideartha le haghaidh feabhsuithe agus feidhmiúlachtaí nua a ndéanfar tuilleadh plé orthu sa choiste stiúrtha. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 97 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil ina bhfuil ceanglas dlíthiúil ar sholáthraithe pinsin faisnéis a sholáthar don tairseach pinsin | Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm | - | - | - | C2 | 2025 | Tháinig an gníomh dlí i bhfeidhm ina bhfuil ceanglas dlíthiúil ar sholáthraithe pinsin faisnéis a sholáthar don phinsean. |

**H. Comhchuid 5.1: Córas cúraim sláinte atá athléimneach ó thaobh paindéime de a neartú**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine athléimneacht na hearnála cúraim sláinte a mhéadú, lena n-áirítear i gcás suaití a eascraíonn as paindéimí. Is iad cuspóirí sonracha na mbeart faoin gcomhpháirt seo digitiú na n-oifigí sláinte poiblí, a bhfuil ról tábhachtach acu i mbainistiú paindéime sa Ghearmáin, digitiú ospidéal chun a n-éifeachtúlacht agus a n-athléimneacht a mhéadú, agus taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV- 2.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach chun acmhainní leordhóthanacha a shlógadh agus athléimneacht an chórais cúraim sláinte a neartú, lena n-áirítear trí ríomhsheirbhísí sláinte a imscaradh (Moladh Tírshonrach 1 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***5.1.1 Athchóiriú: Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú***

Is é cuspóir an bhirt na hoifigí sláinte poiblí a nuachóiriú. Is éard atá ann leibhéal foriomlán na haibíochta digití a mhéadú sna hoifigí sláinte poiblí.

***5.1.2 Infheistíocht: Clár d'ospidéil a sheasfaidh an aimsir***

Is é is cuspóir don bheart é a chur ar a gcumas d'ospidéil infheistíocht a dhéanamh ina ndigitiú. Is éard atá sa bheart ciste a bhunú óna bhféadfaidh ospidéil tacaíocht airgeadais a fháil do thionscadail nuachóirithe, rud a mhéadóidh a leibhéil aibíochta digití fhoriomlána.

***5.1.3 Infheistíocht: Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo***

Is iad cuspóirí an bhirt tacú le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 chun déine agus fad na paindéime a laghdú. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht airgeadais do tháirgeoirí vacsaíní na Gearmáine chun a n-acmhainneacht forbartha agus táirgeachta a mhéadú, agus chun líon na n-othar a mhéadú le haghaidh céimeanna trialach cliniciúla. Is é is aidhm dó sin an earnáil chógaisíochta/bhith-theicneolaíochta sa Ghearmáin a neartú san fhadtéarma agus bonn agus solúbthacht níos leithne a chur ar fáil chun freagairt do na paindéimí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Nollaig 2022.

## H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireacháin agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gharsprioc nó ar sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 98 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Úsáid chuimsitheach ar fud na tíre de Chóras Leictreonach Tuairiscithe agus Faisnéise na Gearmáine um Chosaint Ionfhabhtaithe (*Deutsches Elektronisches Melde- und Informationssystem für den Infektionsschutz,* DEMIS) | - | Céatadán na n-oifigí sláinte poiblí a úsáideann DEMIS | 0 | 100 | C1 | 2021 | Tá údaráis inniúla Länder ag úsáid DEMIS chun daoine a chlárú i gcomhthéacs SARS-CoV-2 agus chun na ceanglais tuairiscithe faoi § 8 (1) (2) den Dlí um Chosaint Ionfhabhtaithe a chomhlíonadh.[5] |

[5] *Gesetz zur Verhütung und Bekämpfung von Infektionskrankheiten bei Menschen (Infektionsschutzgesetz – IfSG),* 20 Iúil 2020 (BGBl. I lch. 1045)

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gharsprioc nó ar sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 99 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Dul chun cinn oifigí sláinte poiblí i dtreo aibíocht dhigiteach | - | Céatadán | 0 | 35 | C1 | 2024 | Tá feabhas dhá leibhéal ar a laghad curtha ag 35 % ar a laghad d'oifigí sláinte poiblí ar a n-aibíocht dhigiteach faoi dheireadh R4 2023 in dhá chatagóir ar a laghad sa chóras aibíochta digití a úsáidtear, i gcomparáid lena leibhéal aibíochta digití in 2021. |
| 100 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Dul chun cinn oifigí sláinte poiblí i dtreo aibíocht dhigiteach | - | Céatadán | 35 | 70 | C3 | 2025 | Mhéadaigh 70 % ar a laghad d'oifigí sláinte poiblí a n-aibíocht dhigiteach faoi dhá leibhéal ar a laghad faoi R3 2026 i dtrí chatagóir ar a laghad sa chóras aibíochta digití a úsáidtear, i gcomparáid lena leibhéal aibíochta digití in 2021. |
| 101 | 5.1.2 Clár d'ospidéil a sheasfaidh an aimsir | Sprioc | Iarratais a cuireadh faoi bhráid na hOifige Cónaidhme um Shlándáil Shóisialta ar EUR 2 700 000 000 ar a laghad | - | Méid an mhaoinithe (i milliúin euro) le haghaidh iarratais a cuireadh faoi bhráid na hOifige Cónaidhme um Shlándáil Shóisialta | 0 | 2 700 | C2 | 2022 | As an EUR 3 000 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, cuireadh iarratais de mhéid EUR 2 700 000 000 ar a laghad faoi bhráid na hOifige Cónaidhme um Shlándáil Shóisialta le haghaidh thionscadail na n-ospidéal faoin gClár chuig ospidéil a sheasfaidh an aimsir faoin spriocdháta le haghaidh iarratais an 31 Nollaig 2021. Faoin 31 Márta 2022, foilseoidh an Oifig Chónaidhme um Shlándáil Shóisialta méid an chistithe arna iarraidh. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gharsprioc nó ar sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 103 | 5.1.2 Clár d’ospidéil a sheasfaidh an aimsir | Sprioc | Méadú ar leibhéil aibíochta digití na n-ospidéal | - | Céatadán na n-ospidéal a bhfuil aibíocht dhigiteach mhéadaithe acu i) in dhá chatagóir ar a laghad agus ii) i dtrí chatagóir ar a laghad | i) 0<br>ii) 0 | i) 80<br>ii) 60 | C2 | 2026 | Mhéadaigh 80 % ar a laghad de na hospidéil ar formheasadh a n-iarratas ar chistiú faoin ‘gClár d’ospidéil a sheasfaidh an aimsir’ a n-aibíocht dhigiteach in dhá chatagóir ar a laghad a bhaineann leis an ‘gClár d’ospidéil a sheasfaidh an aimsir’ faoi dhá leibhéal aibíochta digití ar a laghad sa chóras aibíochta digití fostaithe i gcomparáid leis an meastóireacht ón 30 Meitheamh 2021 agus mhéadaigh 60 % ar a laghad de na hospidéil ar formheasadh a n-iarratas ar chistiú faoin ‘gClár d’ospidéil a sheasfaidh an aimsir’ a n-aibíocht dhigiteach i dtrí chatagóir ar a laghad a bhaineann leis an ‘gClár d’ospidéil a sheasfaidh an aimsir’ faoi dhá leibhéal aibíochta digití ar a laghad sa chóras aibíochta digití fostaithe i gcomparáid leis an meastóireacht ón 30 Meitheamh 2021. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gharsprioc nó ar sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 104 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Garsprioc | An chéad vacsaín in aghaidh SARS-CoV-2 formheasta ag an údarás rialála | Moladh maidir le húdarú ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach do vacsaín i gcoinne SARS- CoV-2 arna forbairt ag ceann de na trí chuideachta a fhaigheann tacaíocht | - | - | - | C4 | 2020 | Formheas arna mholadh ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach le haghaidh vacsaín in aghaidh SARS-CoV-2 a d'fhorbair ceann de na trí chuideachta a fhaigheann tacaíocht trí bheart 5.1.3. |
| 106 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Sprioc | EUR 561 450 000 ar a laghad a eisíoc le taighde ar vacsaíní a fhaigheann tacaíocht ón gclár speisialta seo | - | EUR milliún | 0 | 561.45 | C3 | 2022 | As an EUR 591 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, eisíocadh EUR 561 450 000 ar a laghad (95 % den chistiú iomlán) leis na faighteoirí le haghaidh taighde ar vacsaíní. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gharsprioc nó ar sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 107 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Garsprioc | Deireadh an chláir | Na tuarascálacha úsáide agus na tuarascálacha críochnaitheacha uile a chur i gcrích agus iniúchadh dochloíte a dhéanamh orthu | - | - | - | C4 | 2022 | Rinneadh gach tuarascáil deiridh maidir le húsáid cistí a chur isteach agus a iniúchadh. |

## I. Comhchuid 6.1: Riarachán Poiblí Nua-Aimseartha

Tugann an chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le riarachán poiblí na Gearmáine a nuachóiriú. Is é is cuspóir don chomhpháirt digitiú an riaracháin phoiblí a chur chun cinn go cinntitheach agus an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú agus iad ag idirghníomhú leis an rialtas.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar an Moladh Tírshonrach maidir le seirbhísí poiblí digiteacha a fheabhsú ar gach leibhéal (Moladh Tírshonrach 2 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

### I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

#### *6.1.1 Athchóiriú: Éiceachóras na céannachta Eorpaí*

Is é is cuspóir don bheart éiceachóras digiteach a chruthú lena bhfíorófar céannachtaí agus doiciméid phearsanta ar líne.

Is éard atá i gceist leis an mbeart cásanna iarratais ar an éiceachóras céannachta a chur ar fáil ar líne.

#### *6.1.2 Athchóiriú: Digitiú an riaracháin – cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG)*

Is é is cuspóir don bheart seirbhísí poiblí a chur ar fáil go digiteach. Is éard atá sa bheart cuacha seirbhísí a thagann faoi inniúlacht chur chun feidhme Länder agus an Rialtais Chónaidhme a dhigitiú chomh maith le ceanglais cháilíochta agus sainmhíniú ar shonraíochtaí ailtireachta a fhoilsiú agus teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Caighdeáin le haghaidh Rochtain ar Líne ar Sheirbhísí Riaracháin.

#### *6.1.3 Athchóiriú: Digitiú an riaracháin – nuachóiriú na gclár*

Is é is cuspóir don bheart malartú simplí, slán agus digiteach sonraí a stóráiltear i gcláir éagsúla na Gearmáine a chumasú, ionas nach mbeidh saoránaigh agus cuideachtaí in ann a gcuid sonraí a chur isteach ach aon uair amháin.

Is éard atá sa bheart an córas teicniúil caighdeánaithe (An Córas Teicniúil Náisiúnta Aonuaire, NOOTS) atá réidh le bheith nasctha le cláir, teacht i bhfeidhm an bhunúis dlí chun cláir a nascadh, cásanna úsáide a nascadh leis an gcóras teicniúil agus naisc bhreise leis an gcóras teicniúil a thástáil laistigh de sheiceáil ullmhachta.

**I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 108 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Seoladh treoirthionscadal amháin le haghaidh seiceáil isteach óstáin dhigitigh | - | Líon na n-óstán a bhfuil seiceáil isteach dhigiteach acu | 0 | 100 | C3 | 2021 | Cuireadh treoirthionscadal i bhfeidhm, rud a ligeann d'fhostaithe ceithre chuideachta mhóra Ghearmánacha seiceáil isteach go digiteach chuig trí shlabhra mhóra óstáin sa Ghearmáin, agus 100 óstán ar a laghad rannphháirteach ann. Soláthraíonn an treoirthionscadal na chéad chomhpháirteanna teicniúla chomh maith le léargais ar fhorbairt bhreise an éiceachórais. |
| 109 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Cásanna breise maidir le cur i bhfeidhm | - | Líon na gcásanna iarratais | 1 | 5 | C4 | 2024 | Tar éis an chéad cháis phíolótaigh iarratais, tá ceithre chás iarratais bhreise ar a laghad le haghaidh an éiceachórais aitheantais ar fáil ar líne, agus 10 000 úsáideoir ar a laghad i ngach ceann acu. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 110 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Cásanna breise maidir le cur i bhfeidhm | - | Líon na gcásanna iarratais | 5 | 10 | C4 | 2025 | Tá deich gcás iarratais ar a laghad don éiceachóras céannachta ar fáil ar líne le 10 000 úsáideoir ar a laghad an ceann. |
| 111 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Achta um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Comhaontuithe aonair a thabhairt i gcrích idir an phríomhroinn agus an talamh ceannais | - | Líon na gcomhaontuithe aonair | 0 | 14 | C3 | 2021 | Tugadh 14 chomhaontú aonair ar a laghad chun an tAcht um Rochtain ar Líne a chur chun feidhme i gcrích idir an phríomhroinn agus an príomhstát feidearálach, ina sainítear na socruithe oibríochtúla. Beidh an cur chun feidhme i gcomhréir leis an bprionsabal *'ceann ar cheann'*. Soláthraíonn na comhaontuithe aonair an bunús dlí don chomhar agus don chur chun feidhme obairbhunaithe. |
| 112 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Go-Liostaí de chuacha seirbhíse an ghnímh um rochtain ar líne (*Onlinezugangsgesetz-Leistungen)* | - | Líon na mbeart seirbhíse a bheidh beo | 0 | 70 | C4 | 2021 | Tá 70 beart seirbhíse poiblí ar a laghad beo (ar fáil ar líne don phobal i gcoitinne). |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 113 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Digitiú forleathan na seirbhísí riaracháin | - | Líon na gcuach seirbhíse a cuireadh chun feidhme | 0 | 215 | C4 | 2022 | Cuirtear 100 ar a laghad de na seirbhísí riaracháin is tábhachtaí de chuid Länder chun feidhme mar sheirbhísí aonuaire, chomh maith le 115 sheirbhís bhreise de chuid an Rialtais Chónaidhme.<br><br>Tuigfear go bhfuil seirbhís, mar a leagtar amach sa tuairisc ar an sprioc sin, coibhéiseach le ‘cuach seirbhíse’ (OZG-Leistung). Measfar cuach seirbhíse a bheith digitithe agus curtha chun feidhme i gcomhréir leis an Acht um Rochtain ar Líne (Onlinezugangsgesetz, OZG) agus le leagan samhla aibíochta 1.1 má bhaineann sé leibhéal aibíochta (Reifegrad) 3 amach nó má bhaineann sé leibhéal aibíochta 2 amach agus má tá úsáideoirí seirbhíse in ann a n-iarratas a thionscnamh, a shíniú (i gcás ina bhfuil síniú ag teastáil) agus a chur isteach go digiteach agus mura n-iarrtar orthu fianaise thacaíochta a sholáthar as líne. Féadfar a iarraidh go heisceachtúil ar úsáideoirí seirbhíse fianaise thacaíochta a sholáthar as líne. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | Measfar go bhfuil 'cuach seirbhíse' (OZG-Leistung) ar cheann de na seirbhísí is tábhachtaí de chuid an Länder má cuireadh san áireamh é i gcatagóirí tosaíochta 1, 2, nó 3 i gcatalóg chur chun feidhme an Achta um Rochtain ar Líne le réada seirbhíse (OZGUmsetzungskatalog mit Leistungsobjekten). Is leagan seirbhíse é beart seirbhíse aon-le-gach (einer-für-alle OZG-Leistung) a fhorbraíonn Land amháin nó grúpa Länder agus is féidir le Länder eile é a ghlacadh ansin. |
| 113A | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Seirbhísí an Länder atá ar fáil chun iarratais a chur isteach go digiteach | - | Líon na seirbhísí | 0 | 40 | C2 | 2025 | Tá 40 seirbhís riaracháin ar a laghad de chuid an Länder ar fáil chun iarratais a chur isteach go digiteach in 8 Länder ar a laghad mar sheirbhísí aonuaire. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 113B | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Garsprioc | Ceanglais cháilíochta a fhoilsiú agus sonraíochtaí ailtireachta a shainiú | Foilsíodh ceanglais cháilíochta agus sainmhíníodh sonraíochtaí ailtireachta | - | - | - | C2 | 2025 | Foilsiú ceanglas cáilíochta (DIN SPEC 663366) agus sainmhíniú ar shonraíochtaí ailtireachta (Treoir V1.9 maidir le hAiltireacht TF) lena dtugtar aghaidh ar an gcaighdeánú le haghaidh comhpháirteanna TF de sheirbhísí Länder. |
| 113C | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Caighdeáin le haghaidh Rochtain ar Líne ar Sheirbhísí Riaracháin | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Caighdeáin le haghaidh Rochtain ar Líne ar Sheirbhísí Riaracháin | - | - | - | C3 | 2025 | Teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Caighdeáin le haghaidh Rochtain ar Líne ar Sheirbhísí Riaracháin. |
| 114 | 6.1.3 Digitiú an riaracháin — nuachóiriú na gclár | Garsprioc | Tionscadail phíolótacha a chur i gcrích chun cláir phíolótacha a thástáil | Deireadh an treoirdhoiciméid agus an doiciméid mheasúnaithe arna dtiomsú | - | - | - | C4 | 2023 | Treoirthionscadal a chur i gcrích chun cláir phíolótacha a thástáil, i gcomhréir le cur chun feidhme an Achta um Uimhir Aitheantais (IDifikationsnummerngeset)[6] agus an Achta um Nuachóiriú Clár |

[6] *Identifikationsnummerngesetz*, 28 Márta 2021 (BGBl. I lch. 591)

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | (*Registermodernisierungsgesetz*[7]). |
| 115 | 6.1.3 Digitiú an riaracháin — nuachóiriú na gclár | Garsprioc | Tá córas teicniúil caighdeánaithe réidh le bheith nasctha le cláir | Tá an córas teicniúil caighdeánaithe réidh le bheith nasctha le cláir, tá an bunús dlí tagtha i bhfeidhm, tá cásanna úsáide nasctha leis an gcóras teicniúil agus tá tástáil déanta ar naisc bhreise leis an gcóras teicniúil. | | - | | C2 | 2026 | Tá an córas teicniúil caighdeánaithe (Córas Teicniúil Náisiúnta Aonuaire, NOOTS) réidh le bheith nasctha le cláir. Tháinig an bunús dlí chun cláir a nascadh i bhfeidhm.<br>Tá trí chás úsáide, gach ceann acu ina bhfuil clár agus seirbhís ar líne, nasctha leis an gcóras teicniúil. I gcás dhá chlár déag bhreise agus sé sheirbhís bhreise ar líne, rinneadh an nasc leis an gcóras teicniúil a thástáil laistigh de sheiceáil ullmhachta. |

[7] *Registermodernisierungsgesetz,* 28 Márta 2021 (BGBl. I lch. 591)

**J. Comhchuid 6.2: Laghdú ar bhacainní ar infheistíocht**

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, tugtar aghaidh ar bhacainní ar infheistíocht, bacainní atá ag cur moill ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa Ghearmáin. Trí bhacainní ar infheistíocht a laghdú, is féidir cistí a chaitheamh go tráthúil agus éascaítear infheistíocht san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Thairis sin, méadaíonn sé athléimneacht na Gearmáine i leith suaití eacnamaíocha agus rannchuidíonn sé le héileamh intíre a spreagadh, agus d'fhéadfadh sé an barrachas sa chuntas reatha a chúngú, rud a sainaithníodh arís agus arís eile mar mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch don Ghearmáin.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le treocht leanúnach aníos a bhaint amach san infheistíocht phríobháideach agus phoiblí, agus chun infheistíocht a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 1 in 2019 agus Moladh Tírshonrach 1 in 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

**J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***6.2.1 Athchóiriú: Clár comhpháirteach an Rialtais Chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí***

Áirítear ar chuspóirí an bhirt dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa, eis-sreabhadh deontas a mhéadú, dlús a chur le tógáil tithíochta, agus líon na n-aistrithe rathúla úinéireachta gnó chuig an gcéad ghlúin eile a mhéadú.

Is éard atá sa bheart meitheal a bhunú ina mbeidh an leibhéal feidearálach agus Länder chun tograí a ghlacadh chun nósanna imeachta riaracháin phoiblí a shimpliú.

***6.2.2 Athchóiriú: Seirbhísí comhairliúcháin PD a leathnú - Berater der öffentlichen Hand GmbH***

Is é is cuspóir don bheart é a chur ar a gcumas do bhardais agus d'eintitis phoiblí eile cláir chistiúcháin phoiblí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ina dtionscadail infheistíochta, chomh maith le cur i bhfeidhm céimneach infheistíochtaí TF i scoileanna a chur chun cinn.

Is éard atá i gceist leis an mbeart dul i gcomhairle le hobair a thacaíonn le bardais agus le heintitis phoiblí eile chun dul i ngleic le cláir chistiúcháin, coincheapa comhairliúcháin a chruthú chun scoileanna a dhigitiú agus comhairle a chur ar údaráis scoile.

***6.2.3 Athchóiriú: Dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair***

Is é is cuspóir don bheart dlús a chur leis na nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair, acmhainneacht na mbealaí iompair a mhéadú agus leathnú modhanna iompair atá neamhdhíobhálach don aeráid a éascú.

Is éard atá sa bheart dlíthe a ghlacadh lena gcuirtear dlús le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair.

## J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 117 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an Rialtais Chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Garsprioc | An chéad tuarascáil ar dhul chun cinn do Chomhdháil na nAire-Uachtarán (MPK) | Foilsíodh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn | - | - | - | C2 | 2021 | Foilsíodh an chéad tuarascáil chuig cinn rialtais an Rialtais Chónaidhme agus an Länder agus cuimseofar inti liosta de na bearta sin ó chlár na mbeart Cónaidhme/Länder a ndéanfar tuilleadh scrúdaithe agus próiseála orthu. Is iad na 11 réimse gníomhaíochta seo a leanas túsphointe na tuarascála:<br>—Dlús a chur le heis-sreabhadh deontas;<br>—Bacainní ar eis-sreabhadh deontas a shainaithint agus iad a thuairisciú don Aireacht Chónaidhme Airgeadais;<br>—Tacaíocht airgeadais na mbardas a fheabhsú;<br>—Deontais a dhaingniú agus a thabhairt ón Rialtas Cónaidhme don Länder agus do na bardais chomh haonfhoirmeach agus is féidir;<br>—Aistriú úinéireachta gnó a fheabhsú trí thascfhórsa tiomnaithe;<br>—Athbhreithniú a dhéanamh ar an samhailchód tógála |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | (*Musterbauordnung);* [8]<br>—Údaráis phleanála agus cheadaithe a neartú;<br>—Feabhas a chur ar earcú foirne oilte agus staid foirne níos fearr a chinntiú;<br>—Dlús a chur le pleanáil, go háirithe iompar d'iarnród, iompar poiblí áitiúil agus iompar príobháideach;<br>— An próiseas comhairliúcháin agus na nósanna imeachta rannpháirtíochta poiblí a chuíchóiriú agus rannpháirtíocht a shimpliú tríd an digitiú;<br>—Dlús breise a chur le próisis phleanála agus cheadaithe. |

[8] *Musterbauordnung – zuletzt geändert durch Beschluss der Bauministerkonferenz*, 27 Meán Fómhair 2019 (http://www.bauministerkonferenz.de/verzeichnis.aspx?id=991&o=759O986O991)

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 118 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an Rialtais Chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Garsprioc | An dara tuarascáil ar dhul chun cinn do Chomhdháil na nAire-Uachtarán | Foilsíodh an dara tuarascáil ar dhul chun cinn | - | - | - | C2 | 2022 | Sainaithneofar sa tuarascáil fhoilsithe ar dhul chun cinn na bearta a chuirfear chun feidhme faoi cheannaireacht an Rialtais Chónaidhme agus/nó an Länder. Beidh na gnéithe seo a leanas sa tuarascáil ar dhul chun cinn: Ainm an bhirt; stádas (tosaithe, críochnaithe, gan tosú fós); an chéad gharsprioc eile; an dáta deiridh a bhfuiltear ag súil leis. |
| 119 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an Rialtais Chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Sprioc | Éascuithe m a chur i gcrích sa tuarascáil ar dhul chun cinn | - | Céatadán na mbeart a cuireadh i gcrích | 0 | 80 | C1 | 2025 | Cur chun feidhme 80 % ar a laghad de na bearta a shainaithnítear sa dara tuarascáil ar dhul chun cinn a chur i gcrích. |
| 120 | 6.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin *PD*- Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú | Garsprioc | Tús seirbhísí comhairliúch áin PD le haghaidh cláir chistiúcháin roghnaithe | Comhaontú leis na haireachtaí feidearálacha maidir le cláir chistiúcháin a roghnú | - | - | - | C4 | 2022 | Shainaithin PD cláir chistiúcháin oiriúnacha i gcomhpháirt leis na haireachtaí feidearálacha ábhartha, agus tá tús curtha leis an tionscadal comhairliúcháin chun calabrú na gclár cistiúcháin sin a fheabhsú de réir riachtanais na bhfaighteoirí. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 121 | 6.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin *PD*- Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú | Sprioc | Deimhnithe comhairliúchái n a eisíodh | | Líon na ndeimhnithe comhairliúchá in a eisíodh | 0 | 100 | C3 | 2024 | I gcás 100 comhairliúchán, eisíodh deimhniú maidir le tabhairt i gcrích na gcomhairliúchán (arna shíniú ag an tairbhí). |
| 122 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin *PD* - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Coinchea pa maidir le hathbhreit hniú a dhéanamh ar chláir mhaoiniúc háin arna n-eisiúint | | Coincheap a maidir le hathbhreit hnithe ar chláir mhaoiniúc háin | 0 | 4 | C3 | 2024 | Eisíodh coincheapa le haghaidh athbhreithnithe ar chláir mhaoiniúcháin le haghaidh ceithre chlár mhaoiniúcháin. |
| 123 | 6.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin PD Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú | Garsprioc | Treoir maidir le maoiniú a fhoilsiú | Treoir maidir le Maoiniú ón Aireacht Cónaidhme Airgeadais foilsithe | - | - | - | C2 | 2026 | Treoir maidir le Maoiniú ón Aireacht Cónaidhme Airgeadais a fhoilsiú maidir le conas cláir chistiúcháin phoiblí a dhearadh le haghaidh bearta bonneagair phoiblí. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 124 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin PD -Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Deimhnithe comhairliúchái n a eisíodh | - | Líon na ndeimhnithe comhairliúchá in a eisíodh | 100 | 400 | C2 | 2026 | I gcás 400 comhairliúchán ar a laghad, eisíodh deimhniú maidir le tabhairt i gcrích na gcomhairliúchán (arna shíniú ag an tairbhí). |
| 125 | 6.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin *PD-* Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú | Sprioc | Tionscadail chomhairliúc háin maidir le TF scoile a rolladh amach agus tionscadail chomhairliúc háin phíolótacha | - | Líon na dtionscada l comhairliú cháin a cuireadh i gcrích | 0 | 5 | C4 | 2022 | Tá tús curtha le cúig thionscadal comhairliúcháin ar a laghad d’údaráis scoile maidir le TF scoile. |
| 126 | 6.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin *PD-* Berater der öffentlichen Hand GmbH a leathnú | Garsprioc | Samhailchoin cheap le haghaidh TF na scoile | Samhailc hoinchea p do TF na scoile cruthaith e | | | | C3 | 2024 | Cruthaíodh samhailchoincheap le haghaidh TF scoile agus foilsíodh ábhair oideachais a bhaineann le TF ar shuíomh gréasáin (a bhféadfadh seicliostaí agus treoracha a bheith san áireamh ann, ach gan a bheith teoranta dóibh). |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 127 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin PD - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Tionscadail comhairliúcháin TF scoile | - | Líon na ndeimhnithe comhairliúcháin a eisíodh | 5 | 50 | C3 | 2024 | Eisíodh deimhnithe maidir le tabhairt i gcrích na gcomhairliúchán (arna síniú ag an tairbhí) le haghaidh comhairliúcháin maidir le TF scoile de 50 údarás scoile. |
| 128 | 6.2.3. Dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Luasghéarú Infheistíochta, an Achta um Luasghéarú Pleanála III, agus an bhirt-gníomh-réamhghníomh | Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta um Luasghéarú Infheistíochta, an Achta um Luasghéarú Pleanála III, agus an ghnímh-ullmhúcháin. | - | - | - | C4 | 2020 | Tháinig an tAcht um Luasghéarú Infheistíochta, an tAcht um Luasghéarú Pleanála III, agus an gníomh ullmhúcháin birt (Investitionsbeschleunigungsgesetz, *Planungsbeschleunigungsgesetz III, Maßnahmengesetzvorbereitungsgesetz)* i bhfeidhm. |

**K. Comhchuid 7.1: REPowerEU**

Is é is cuspóir do chomhpháirt REPowerEU de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine tacú leis an aistriú fuinnimh trí shlándáil an tsoláthair, inacmhainneacht, caomhnú acmhainní agus comhoiriúnacht chomhshaoil a chomhtháthú le cosaint aeráide nuálach agus chliste. Is é is aidhm don chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar rannchuidiú earnáil an téimh agus an fhuaraithe le hastaíochtaí gás ceaptha teasa trí dhícharbónú foirgneamh a chur chun cinn trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh. Tá sé d’aidhm ag an gcomhpháirt freisin iompar lasta atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn, lena ndírítear ar laghdú suntasach ar astaíochtaí trí ghlacadh feithiclí a chumhachtaítear le leictreachas a dhreasú agus trí thacú leis an bhforbairt bonneagair is gá. Ina theannta sin, aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach tionscadail bhonneagair hidrigine atá beartaithe a éascú chun spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach. Tugtar isteach a thuilleadh leathnú an fhuinnimh gaoithe, amach ón gcósta agus ar talamh araon, chun spleáchas ar allmhairí breosla iontaise a laghdú agus chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta. Moltar athchóirithe reachtacha chun nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú, lena n-áiritheofar úsáid inbhuanaithe fhreagrach acmhainní fuinnimh in-athnuaite.

Rannchuidíonn comhpháirt REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha, go háirithe CSR 2022.4 agus CSR 2023.4.

Meastar go mbeidh tionchar indíreach trasteorann ag roinnt beart, lena n-áirítear méadú ar an gcistiú cónaidhme d’fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh, arb é is aidhm dó an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Ina theannta sin, le hardán digiteach chun dlús a chur le nósanna imeachta cur i bhfeidhm agus formheasa, d’fhéadfaí rochtain cuideachtaí eile de chuid an Aontais ar mhargadh na Gearmáine a éascú ar deireadh trí phróisis riaracháin a shimpliú agus, dá bhrí sin, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an ardán dlús a chur le bunú croí-eangaí hidrigine. Táthar ag súil le tionchair dhíreacha trasteorann freisin leis an athchóiriú *ar an Acht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh Ac* t agus ar an *Acht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta*, ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag an leictreachas breise a fhaightear ó fhuinneamh gaoithe ar an gcothromaíocht idir éileamh agus soláthar sa Ghearmáin agus ar fud roinnt tíortha agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shreafaí trasteorann.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

**K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

***7.1.1 Infheistíocht mhéadaithe: Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d’fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh***

Is é is cuspóir don bheart seo infheistíocht 1.3.3 ‘Athchóiriú foirgneamh: cistiú feidearálach le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh’ faoi Chomhchuid 1.3. Is éard atá sa chuid mhéadaithe den bheart tacú le 190 000 beart athchóirithe aonair, sa bhreis orthu siúd a mhaoinítear ón tacaíocht neamh-inaisíoctha mar chuid d’infheistíocht

1.3.3.

*7.1.2 Infheistíocht: Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair*

Is é is cuspóir don bheart seo iompar de bhóthar atá saor ó astaíochtaí a mhéadú. Is éard atá sa bheart feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha a chlárú agus stáisiúin luchtaithe leictreacha a choimisiúnú.

*7.1.3 Infheistíocht: Ardán digiteach chun iarrataí ar údarú a phróiseáil le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine*

Is é is cuspóir don bheart seo dlús a chur le próiseas pleanála agus formheasa na dtionscadal bonneagair fuinnimh le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine. Is éard atá sa bheart ardán a phróiseálann iarrataí ar údarú le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine, mar shampla trí sheiceálacha uathoibrithe ar iomláine agus inchreidteacht nó trí thograí a dhréachtú le haghaidh réasúnuithe agus cinntí formheasa.

*7.1.4 Athchóiriú: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh*

Is é is cuspóir don bheart seo dlús a chur le himscaradh gléasraí cumhachta fuinnimh gaoithe ar talamh.

Saineofar leis an ngníomh sprioc úsáide talún gach stáit chónaidhme (Talamh) le haghaidh fuinneamh gaoithe. Beidh forálacha sa ghníomh freisin chun an Cód Foirgníochta a athrú chun é a chur ar a gcumas do stáit chónaidhme (Länder) limistéir bhreise a ainmniú mar limistéir atá oiriúnach do ghiniúint gaoithe ar tír. Déanfaidh comhchoiste de na stáit chónaidhme agus chónaidhme (Länder) (EEG-Bund-Länder Kooperationsausschuss) faireachán ar chur chun feidhme an athchóirithe.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

*7.1.5 Athchóiriú: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta*

Is é is cuspóir don bheart seo dlús a chur le himscaradh gléasraí cumhachta fuinnimh gaoithe amach ón gcósta.

Leis an athchóiriú, méadófar na spriocanna leathnaithe le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta sa Ghearmáin ó 20 GW go 30 GW ar a laghad faoi 2030, agus chun 40 GW a bhaint amach faoi 2035 agus 70 GW faoi 2045 (roimhe seo: 40 GW faoi 2040). Beidh forálacha ann freisin chun nósanna imeachta pleanála agus formheasa a chuíchóiriú agus chun athbhreithniú ar iarratais a chuachadh.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

**K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 130 | Infheistíocht 7.1.1 (méadú): Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d’fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deontais arna ndámhachtain le haghaidh bearta athchóirithe aonair le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | - | Deontais a dámhadh le haghaidh bearta athchóirithe aonair | 145 000 | 335 000 | C2 | 2026 | Dámhfar deontais le haghaidh 335 000 beart athchóirithe aonair. |
| 131 | Infheistíocht 7.1.2: Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair | Sprioc | Sprioc eatramhach maidir le clárú feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha | - | Feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha | 0 | 670 | C4 | 2024 | Cláraíodh 670 feithicil tráchtála astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear 190 feithicil ar a laghad d’aicme N3. |
| 132 | Infheistíocht 7.1.2: Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair | Sprioc | Feithiclí tráchtála agus stáisiúin athluchtaithe astaíochtaí nialasacha | - | Feithiclí tráchtála agus stáisiúin athluchtaithe astaíochtaí nialasacha | 670 | 2139 | C2 | 2026 | Cláraíodh 1 139 bhfeithicil astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear 529 bhfeithicil d’aicme N3 ar a laghad, agus eisíodh deimhnithe coimisiúnaithe *(Inbetriebnahmeprotokolle)* le |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| | | | | | | | | | | haghaidh 1000 stáisiún luchtaithe leictreach. Féadfaidh feithiclí a cheannaítear agus a ligtear ar cíos a bheith san áireamh sna feithiclí cláraithe. |
| 135 | Infheistíocht 7.1.3: Ardán digiteach chun iarrataí ar údarú a phróiseáil le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine | Garsprioc | Ardán lena gcumasaítear próiseáil dhigiteach na n-iarrataí ar údarú le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine | Ardán digiteach chun iarrataí ar údarú a phróiseáil le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine | - | - | - | C4 | 2025 | Próiseálann an t-ardán digiteach iarrataí ar údarú don chroíghréasán hidrigine, mar shampla trí sheiceálacha uathoibrithe iomláine agus inchreidteachta nó trí thograí a dhréachtú maidir le réasúnuithe agus cinntí formheasa. |
| 136 | Athchóiriú 7.1.4: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh (*Wind-an-Land -Gesetz)* | Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí | - | - | - | C1 | 2023 | Tháinig an tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh (*Wind-an-Land -Gesetz)* i bhfeidhm. |

| Seq. Uimh. | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm | Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna) | Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna) | | | Amlíne tháscach le cur i gcrích | | Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Aonad tomhais | Bonnlíne | Sprioc | Ráithe | Bliain | |
| 137 | Athchóiriú 7.1.5: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta (Wind- auf-See-Gesetz) | Foráil sa ghníomh dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí | - | - | - | C1 | 2023 | Tháinig an tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta *( Wind-auf-See-Gesetz)* i bhfeidhm. |

**Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta**

Is é EUR 30 336 828 678 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is é EUR 2 410 896 431 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU na Gearmáine.

## ROINN 2: Tacaíocht Airgeadais

### 1. Ranníocaíocht airgeadais

Eagrófar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar an mbealach seo a leanas:

1.1 An chéad tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 1 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Garsprioc | An nós imeachta maidir le léiriú spéise a chur i gcrích |
| 7 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na treoirlíne cistiúcháin (Förderrichtlinie) le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht |
| 11 | 1.1.3 Scéim phíolótach le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin | Garsprioc | Nós imeachta maidir le léiriú spéise a chur i gcrích le haghaidh conarthaí maidir leis an athrú aeráide |
| 14 | 1.1.4 Taighde ar chosaint na haeráide a bhaineann leis an tionscadal | Sprioc | Iarratais ar thacaíocht do thionscadail taighde a bhaineann leis an aeráid a fhormheas |
| 17 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Garsprioc | Foilsiú an chomórtais 'Idea Competition 'Hydrogen Republic Germany'' (Förderaufruf zum Ideenwettbewerb 'Wasserstoffrepublik Deutschland') |
| 22 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin |
| 25 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin |
| 29 | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideacha a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 240 000 feithicil leictreach a cheannach |
| 31 | 1.2.4 Síneadh a chur leis an tréimhse chlárúcháin tosaigh chun an díolúine chánach 10 mbliana a dheonú d'fheithiclí atá go hiomlán leictreach | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Seachtú Acht um Cháin Mhótarfheithicle a Leasú |
| 33 | 1.2.5 Tacaíocht do cheannacháin busanna le tiomáint mhalartach | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin a fhoilsiú |
| 36 | 1.2.6 Tacaíocht chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 39 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm leasaithe lena leathnaítear treoirlínte tacaíochta atá ann cheana (Förderrichtlinien) den Chlár Náisiúnta Nuálaíochta um Theicneolaíocht Hidrigine agus Breosla-Chille (NIP) (nó mura gcumhdaítear go leordhóthanach iad leis na treoirlínte tacaíochta atá ann cheana, teacht i bhfeidhm fórsa na dtreoirlínte tacaíochta nua) |
| 42 | 1.3.1 Clár tacaíochta don earnáil tógála adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin maidir le tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn |
| 46 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Garsprioc | Treoirlínte cistiúcháin chun tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil foirgneamh |
| 52 | 2.1.2 IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide | Garsprioc | Dearadh ábhair an IPCEI atá beartaithe |
| 59 | 2.2.1 Clár infheistíochta monaróirí/soláthróirí feithiclí | Garsprioc | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin uile |
| 62 | 2.2.2 Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Garsprioc | Foilsiú na dtreoirlínte cistiúcháin |
| 65 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Tionscadail taighde a sheoladh |
| 70 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/mhearchláir chun dlús a chur le rolladh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Garsprioc | Síniú an chomhaontaithe maoinithe don chlár 'mear' idir an Rialtas Cónaidhme agus Deutsche Bahn |
| 71 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/mhearchláir chun dlús a chur le rolladh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Garsprioc | Tuarascáil eatramhach ar chur chun feidhme |
| 72 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/mhearchláir chun dlús a chur le rolladh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Sprioc | Tionscadail phíolótacha a chur i gcrích go rathúil |
| 73 | 3.1.1 Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí | Garsprioc | Comhaontú riaracháin |
| 79 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na gcéad treoirlínte cistiúcháin agus an ghlao ar thairiscintí le haghaidh gníomhaireacht feidhmiúcháin |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| | | | tionscadail don chlár foriomlán |
| 83 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Garsprioc | Conradh tionscadail sínithe |
| 86 | 4.1.1 Clár infheistíochta 'Maoiniú cúraim leanaí' 2020/21: ciste speisialta 'Leathnú ar Chúram Lae Leanaí' | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Maoiniú Cúraim Leanaí agus an Achta Cónaidhme um Chúnamh Airgeadais agus na rialachán cur chun feidhme ar leibhéal *Länder* |
| 89 | 4.1.2 Ráthaíocht Shóisialta 2021 | Garsprioc | Fíorú ar an meánráta ranníocaíochta slándála sóisialta don bhliain 2021 |
| 90 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin athbhreithnithe don chlár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* |
| 93 | 4.1.4 Tacaíocht oideachais do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu | Garsprioc | Comhaontú idir an rialtas feidearálach agus an Länder chun tacaíocht foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riaráistí foghlama paindéime acu. |
| 95 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Fhorbhreathnú ar Phinsean Digiteach |
| 98 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Úsáid chuimsitheach ar fud na tíre de Chóras Leictreonach Tuairiscithe agus Faisnéise na Gearmáine um Chosaint Ionfhabhtaithe (*Deutsches Elektronisches Melde- und Informationssystem für den Infektionsschutz*, DEMIS) |
| 104 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Garsprioc | An chéad vacsaín in aghaidh SARS-CoV-2 formheasta ag an údarás rialála |
| 108 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Seoladh treoirthionscadal amháin le haghaidh seiceáil isteach óstáin dhigitigh |
| 111 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Achta um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Comhaontuithe aonair a thabhairt i gcrích idir an roinn ceannais agus an stát cónaidhme ceannais (*Bundesland)* |
| 112 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Go-Liostaí de chuacha seirbhíse an ghnímh um rochtain ar líne (*Onlinezugangsgesetz-Leistungen)* |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 117 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an rialtais chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Garsprioc | An chéad tuarascáil ar dhul chun cinn do Chomhdháil na nAire-Uachtarán (MPK) |
| 128 | 6.2.3.1 Dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Luasghéarú Infheistíochta, an Achta um Luasghéarú Pleanála III, agus an ghnímh beart-gníomh-ullmhúcháin |
| Méid na suiteála | | EUR 4 344 763 676 | |

1.2 An dara tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 2 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Garsprioc | Na chéad chinntí deontais a eisiúint |
| 12 | 1.1.3 Scéim phíolótach le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin | Garsprioc | Treoirlíne chistiúcháin (Förderrichtlinie) le haghaidh clár píolótach maidir le conarthaí i ndáil leis an athrú aeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin |
| 18 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Cinntí deontais a eisiúint |
| 26 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Cistí a ghealladh |
| 30 | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideacha a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 320 000 feithicil leictreach eile a cheannach |
| 43 | 1.3.1 Clár tacaíochta chun neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt<br>earnáil na tógála adhmaid | Sprioc | Formheas tionscadal a bhaineann le tógáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt |
| 49 | 2.1.1 Beartas nuálach sonraí don Ghearmáin | Garsprioc | Tús na dtionscadal |
| 53 | 2.1.2 Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI | Sprioc | Na chéad tionscadail a sheoladh |
| 55 | 2.1.3 Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta IPCEI na Chéad Ghlúine Eile (IPCEI CIS) | Garsprioc | Seoladh R & D & I tionscadail |
| 63 | 2.2.2 Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Sprioc | Rannpháirtíocht ghníomhach fiontar breise i líonraí CET |
| 72A | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/mhearchláir chun dlús a chur le rolladh amach 'Iarnród Digiteach'<br>An Ghearmáin' | Sprioc | Críochnú rathúil an tionscadail deiridh |
| 74 | 3.1.1 Clár infheistíochta le haghaidh feistí múinteoirí | Sprioc | EUR 475 000 000 ar a laghad a eisíoc leis na tionscadail a fhaigheann tacaíocht |
| 76 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm na dtreoirlínte cistiúcháin le haghaidh fréamhshamhlacha ardáin oideachais agus soláthar a seoladh |
| 80 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Sprioc | 45 thionscadal taighde ar a laghad a fhormheas |
| 81 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm trí threoirlíne cistiúcháin bhreise |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 84 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Sprioc | Anailís ar institiúidí oideachais agus a riachtanais TF a shainaithint |
| 91 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Sprioc | Eis-sreabhadh tacaíochta don chlár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* |
| 92 | 4.1.3 Tacaíocht printíseachta | Sprioc | Cinntí dámhachtana maidir le hiarratais ar an gclár feidearálach *Ausbildungsplätze sichern* |
| 94 | 4.1.4 Tacaíocht oideachais do dhaltaí a bhfuil riaráiste foghlama acu | Sprioc | Fuair 1 000 000 mac léinn tacaíocht foghlama |
| 101 | 5.1.2 Clár d'ospidéil a sheasfaidh an aimsir | Sprioc | Iarratais a cuireadh faoi bhráid na hOifige Cónaidhme um Shlándáil Shóisialta ar EUR 2 700 000 000 ar a laghad |
| 106 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Sprioc | EUR 561 450 000 ar a laghad a eisíoc le taighde ar vacsaíní a fhaigheann tacaíocht ón gclár speisialta seo |
| 107 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Garsprioc | Deireadh an chláir |
| 113 | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Digitiú forleathan na seirbhísí riaracháin |
| 118 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an rialtais chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Garsprioc | An dara tuarascáil ar dhul chun cinn do Chomhdháil na nAire-Uachtarán |
| 120 | 6.2.2.1 Seirbhísí comhairliúcháin *PD* a leathnú: Bainistíocht Éifeachtach Tacaíochta Cistiúcháin | Garsprioc | Tús seirbhísí comhairliúcháin PD le haghaidh cláir chistiúcháin roghnaithe |
| 125 | 6.2.2.2 Seirbhísí comhairliúcháin *PD* a leathnú: Comhairleacht TF na scoile | Sprioc | Tionscadail chomhairliúcháin maidir le TF scoile a rolladh amach agus tionscadail chomhairliúcháin phíolótacha |
| Méid na suiteála | | EUR 7 522 077 413 | |

1.3 An tríú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 3 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Gealltanas EUR 500 000 000 ar a laghad |
| 21A | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Cinntí deontais a shíniú |
| 24 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Sprioc | Leathnú ar phointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe |
| 27 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Flíteanna leictrea-shoghluaisteachta bardasacha agus tráchtála a leathnú |
| 28 | 1.2.2 Maoiniú chun leictrea-shoghluaisteacht a fhorbairt | Sprioc | Réamhdearaí leictrea-shoghluaisteachta a chur i gcrích |
| 44 | 1.3.2 Saotharlanna beo bardasacha don aistriú fuinnimh | Sprioc | Tionscadail ‘saotharlanna beo’ a fhormheas |
| 60 | 2.2.1 Clár infheistíochta monaróirí/soláthróirí feithiclí | Sprioc | Tionscadail a fhormheas |
| 66 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Garsprioc | Tuarascáil ar aschuir taighde agus aistrithe |
| 67 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Leanúint de thionscadail |
| 77 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Seoladh leagan béite an ardáin oideachais |
| 87 | 4.1.1 Clár infheistíochta ‘Maoiniú cúraim leanaí’ 2020/21: ciste speisialta ‘Leathnú ar Chúram Lae Leanaí’ | Garsprioc | Tuarascáil eatramhach a fhoilsiú i gcomhréir le KitaFinHG |
| 96 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | An chéim forbartha agus an chéad chéim oibríochtúil a thabhairt chun críche |
| 99 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Dul chun cinn oifigí sláinte poiblí i dtreo aibíocht dhigiteach |
| 114 | 6.1.3 Digitiú an riaracháin—nuachóiriú na gclár | Garsprioc | Tionscadail phíolótacha a chur i gcrích chun cláir phíolótacha a thástáil |
| 136 | 7.1.4: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Fhuinneamh Gaoithe ar Thalamh |
| 137 | 7.1.5: An tAcht um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Achta um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta |
| Méid na suiteála | | EUR 7 059 109 790 | |

1.4 An ceathrú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| **Uimhir sheicheamhach** | **Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)** | **Cloch Mhíle / Sprioc** | **Ainm** |
|---|---|---|---|
| 8 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Sprioc | Cinntí deontais a eisiúint |
| 21 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Gealltanas le haghaidh tionscadail shuaitheanta taighde agus nuálaíochta |
| 21B | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Staidéir indéantachta agus/nó pleananna claochlaithe a chur isteach |
| 23 | 1.2.1 Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil | Sprioc | Tacaíocht do phointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal |
| 30A | 1.2.3 Tacaíocht chun flít feithiclí príobháideacha a athsholáthar | Sprioc | Tacaíocht chun 399 450 feithicil leictreach a cheannach |
| 40 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn | Sprioc | Tionscadail le haghaidh feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar |
| 47 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla a dhéanamh ar 10 000 aonad tithíochta |
| 48B | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Bearta athchóirithe aonair a chur i gcrích le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh |
| 64 | 2.2.2 An Clár Cónaidhme 'Líonraí CET breise a thógáil' | Sprioc | Rannpháirtíocht nó rannchuidiú líonraí CET le bearta nó fomhodúil oiliúna nua nó athbhreithnithe |
| 78 | 3.1.2 Ardán oideachais | Garsprioc | Tuarascáil mheastóireachta ar an ardán oideachais |
| 97 | 4.1.5 Forbhreathnú ar Phinsean Digiteach | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm gnímh dhlíthiúil ina bhfuil ceanglas dlíthiúil ar sholáthraithe pinsin faisnéis a sholáthar don tairseach pinsin |
| 100 | 5.1.1 Acmhainní digiteacha agus teicniúla na seirbhíse sláinte poiblí a neartú | Sprioc | Dul chun cinn oifigí sláinte poiblí i dtreo aibíocht dhigiteach |
| 109 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Cásanna breise maidir le cur i bhfeidhm |
| 113A | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Sprioc | Seirbhísí an Länder atá ar fáil chun iarratais a chur isteach go digiteach |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 113B | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Garsprioc | Ceanglais cháilíochta a fhoilsiú agus sonraíochtaí ailtireachta a shainiú |
| 113C | 6.1.2 Digitiú an riaracháin — Cur chun feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne (OZG) | Garsprioc | Teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Caighdeáin le haghaidh Rochtain ar Líne ar Sheirbhísí Riaracháin |
| 119 | 6.2.1 Clár comhpháirteach an rialtais chónaidhme agus an Länder le haghaidh riarachán éifeachtúil a théann chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí | Sprioc | Bearta a chur i gcrích sa tuarascáil ar dhul chun cinn |
| 121 | 6.2. Seirbhísí comhairliúcháin PD a leathnú: - - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Deimhnithe comhairliúcháin arna n-eisiúint |
| 122 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin PD - Berater der öffentlichen Hand G mbH | Sprioc | Coincheapa maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chláir chistiúcháin arna n-eisiúint |
| 126 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin PD x- Berater der öffentlichen Hand GmbH | Garsprioc | Samhailchoincheap le haghaidh TF na scoile |
| 127 | 6.2.2. Seirbhísí comhairliúcháin PD a leathnú: - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Tionscadail comhairliúcháin TF scoile |
| 131 | 7.1.2: Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair | Sprioc | Sprioc eatramhach maidir le clárú feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha |
| Méid na suiteála | | EUR 4 953 033 425 | |

1.5 An cúigiú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 5 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Gealltanas EUR 1 411 722 000 |
| 6 | 1.1.1 Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna | Sprioc | Toilleadh leictrealaithe |
| 9 | 1.1.2 Clár tacaíochta le haghaidh dícharbónú sa tionsclaíocht | Sprioc | Eisíocaíocht leis na tionscadail dá dtugtar tacaíocht |
| 16 | 1.1.4 Taighde ar chosaint na haeráide a bhaineann leis an tionscadal | Sprioc | Infhaighteacht tuarascálacha tionscadail taighde aeráide |
| 19 | 1.1.5 Tionscadail shuaitheanta le haghaidh taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Hidrigine | Sprioc | Infhaighteacht tuarascálacha tionscadail taighde hidrigine |
| 21C | 1.1.6 Tacaíocht chónaidhme do líonraí teasa éifeachtúla | Sprioc | Eisíocaíocht do na tionscadail a fhaigheann tacaíocht |
| 35 | 1.2.5 Tacaíocht do cheannacháin busanna le tiomáint mhalartach | Sprioc | Orduithe busanna le tiomáint mhalartach |
| 38 | 1.2.6 Tacaíocht chun tiomáint iarnróid mhalartach a chur chun cinn | Sprioc | Ord na bhfeithiclí iarnróid a bhfuil tiomáint mhalartach acu |
| 41 | 1.2.7 Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn | Garsprioc | Seirbhísí a sholáthar trí Lárionad nó Lárionaid Teicneolaíochta agus Nuálaíochta um Theicneolaíocht Hidrigine |
| 45 | 1.3.2 Saotharlanna beo bardasacha don aistriú fuinnimh | Sprioc | Tionscadail chomharsanachta uirbí |
| 48 | 1.3.3 Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deimhniú tar éis athchóirithe fuinneamhéifeachtúla a dhéanamh ar 30 000 aonad tithíochta breise |
| 50 | 2.1.1 Beartas nuálach sonraí don Ghearmáin | Garsprioc | Torthaí an tionscadail agus Príomh-Eolaithe Sonraí nó Príomhoifigigh Sonraí agus saotharlanna sonraí |
| 54 | 2.1.2 IPCEI Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide | Sprioc | Forghníomhú an bhuiséid – eisíocaíocht EUR 1 275 000 000 ar a laghad |
| 56 | 2.1.3 Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta IPCEI na Chéad Ghlúine Eile (IPCEI CIS) | Sprioc | Stórtha foinse oscailte nó acmhainní gréasáin eile ina bhfuil cód |
| 61 | 2.2.1 Clár infheistíochta monaróirí/soláthróirí feithiclí | Sprioc | Tionscadail a thabhairt chun críche |
| 69 | 2.2.3 An tIonad Taighde um Dhigitiú agus um Theicneolaíocht sa Bundeswehr | Sprioc | Aschuir an tionscadail |
| 82 | 3.1.3 Ionaid oideachais barr feabhais | Sprioc | Tuarascáil chríochnaitheach ar an meastóireacht sheachtrach ar thionscadail taighde a dtacaítear leo |
| 85 | 3.1.4 Saoráidí oideachais agus oiliúna na bhFórsaí Armtha Cónaidhme a nuachóiriú | Garsprioc | Tuarascáil mheasúnaithe deiridh maidir le nuachóiriú na n-institiúidí oideachais |

| Uimhir sheicheamhach | Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht) | Cloch Mhíle / Sprioc | Ainm |
|---|---|---|---|
| 88 | 4.1.1 Clár infheistíochta 'Maoiniú cúraim leanaí' 2020/21: ciste speisialta 'Leathnú ar Chúram Lae Leanaí' | Sprioc | Tuarascálacha Länder a chur isteach maidir le líon na n-áiteanna cúraim leanaí |
| 103 | 5.1.2 Clár d'ospidéil a sheasfaidh an aimsir | Sprioc | Méadú ar leibhéil aibíochta digití na n-ospidéal |
| 110 | 6.1.1 Éiceachóras na céannachta Eorpaí | Sprioc | Tionscadail bhreise maidir le cásanna iarratais |
| 115 | 6.1.3 Digitiú an riaracháin — nuachóiriú na gclár | Garsprioc | Tá córas teicniúil caighdeánaithe réidh le bheith nasctha le cláir |
| 123 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin *PD* - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Garsprioc | Treoir maidir le maoiniú a fhoilsiú |
| 124 | 6.2.2 Leathnú ar sheirbhísí comhairliúcháin *PD* - Berater der öffentlichen Hand GmbH | Sprioc | Deimhnithe comhairliúcháin a eisíodh |
| 130 | 7.1.1 (méadú): Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme d'fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh | Sprioc | Deontais arna ndámhachtain le haghaidh bearta athchóirithe aonair le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh. |
| 132 | 7.1.2: Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair | Sprioc | Feithiclí tráchtála agus stáisiúin athluchtaithe astaíochtaí nialasacha |
| 135 | 7.1.3: Ardán digiteach chun iarrataí ar údarú a phróiseáil le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine | Garsprioc | Ardán lena gcumasaítear próiseáil dhigiteach na n-iarrataí ar údarú le haghaidh an chroíghréasáin hidrigine |
| Méid na suiteála | | EUR 6 445 680 778 | |

**Roinn 3: Socruithe Breise**

**1. Socruithe chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus chun é a chur chun feidhme**

Déanfar faireachán ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

- Déanfaidh aonad comhordúcháin san Aireacht Chónaidhme Airgeadais faireachán ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine. Comhordóidh an t-aonad an faireachán agus an tuairisciú ar dhul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna agus maidir le táscairí ábhartha, déanfaidh sé rialuithe cáilíochtúla ar na sonraí airgeadais uile agus cuirfidh sé iarrataí ar íocaíocht isteach. Beidh an t-aonad comhordúcháin freagrach freisin as aon fhorbairtí neamh-inmhianaithe a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a cheartú go luath. Feidhmeoidh sé mar chomhlacht comhordaithe freisin chun faireachán a dhéanamh ar na bearta iniúchóireachta agus rialaithe agus chun iad a chur chun feidhme.
- Tá feidhm chomhordúcháin an aonaid bunaithe ar shásraí agus rialacháin náisiúnta sheanbhunaithe. Cuirfear na forálacha dlíthiúla náisiúnta ábhartha agus an sásra náisiúnta faireacháin agus rialaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear na hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha. Déanfar na cistí le haghaidh na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a eisíoc leis na faighteoirí deiridh i gcomhréir le bunús dlí na dtreoirlínte ginearálta cistiúcháin (Förderrichtlinie) don bheart faoi seach i gcomhréir leis na Rialacháin Riaracháin Ghinearálta, agus ar bhonn cinntí cistiúcháin aonair (gníomhartha riaracháin) i bhfabhar na bhfaighteoirí deiridh.
- Tá an t-aonad comhordúcháin comhdhéanta d’fhoireann eacnamaithe agus saineolaithe buiséadacha agus rialaithe a bhfuil an taithí ábhartha agus an saineolas ábhartha acu. Glaofar ar shaineolas speisialaithe ó aonaid eile de chuid na hAireachta Cónaidhme Airgeadais nó Aireachtaí líne eile de réir mar is gá. Leagtar amach sainordú an aonaid comhordúcháin i bplean dáilte gnó na hAireachta Cónaidhme Airgeadais.

**2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a sholáthar don Choimisiún**

Tá an Aireacht Cónaidhme Airgeadais, mar an comhlacht lárnach comhordúcháin do phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine agus dá chur chun feidhme, freagrach as comhordú agus faireachán foriomlán a dhéanamh ar an bplean. Go háirithe, feidhmíonn sé mar chomhlacht comhordaithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus iniúchóireachta agus, i gcás inarb iomchuí, chun iad a chur chun feidhme, agus chun tuairisciú agus iarrataí ar íocaíochtaí a sholáthar. Comhordaíonn sé tuairisciú garspriocanna agus spriocanna, táscairí ábhartha, ach freisin faisnéis airgeadais cháilíochtúil agus sonraí eile, amhail maidir le faighteoirí deiridh. Tá an t-ionchódú sonraí á dhéanamh i gcórais TF dhíláraithe ar fud aireachtaí éagsúla, a bhfuil sé d’oibleagáid orthu na sonraí is gá a thuairisciú don Aireacht Cónaidhme Airgeadais.

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ar chur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo,

cuirfidh an Ghearmáin iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh an Ghearmáin, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.